# 2009
## BLIAINIRIS



Maireachtáil agus oibriú san Eoraip

Eurofound

© An Foras Eorpach chun Dálaí Oibre agus Maireachtála a Fheabhsú, 2010

Le haghaidh cearta aistriúcháin nó atáirgthe, ba cheart iarratais a dhéanamh chuig an Stiúrthóir, An Foras Eorpach chun Dálaí Oibre agus Maireachtála a Fheabhsú, Bóthar Wyattville, Baile Uí Lachnáin, Baile Átha Cliath 18, Éire.

Tá an Foras Eorpach chun Dálaí Oibre agus Maireachtála a Fheabhsú (Eurofound) ina chomhlacht féinrialaitheach de chuid an Aontais Eorpaigh, cruthaithe chun cuidiú le cur i gcrích beartas na todhchaí i dáil le hábhair shóisialta agus oibre. Féadfar breis faisnéise a fháil ar láithreán gréasáin Eurofound ag www.eurofound.europa.eu.

# Réamhfhocal

Ag am scríofa na tuarascála seo, tá an AE ag ullmhú chun straitéis nua 10-mbliana an Choimisiúin Eorpaigh le haghaidh poist agus fás inbhuanaithe – 'Europe 2020' – a fhaomhadh, le Eurofound ag obair ar chur i gcrích a chlár oibre don bhliain 2011. Ó thaobh déanta beartais fianaise-bhunaithe, áfach, d'fhonn féachaint chun cinn, ní mór ar dtús féachaint siar. Déanann an Bhliainiris seo iarracht príomhthátail Eurofound i gcaitheamh na bliana 2009 a dhriogadh. An chéad cheann le foilsiú mar chuid de clár oibre ceithre bliana Eurofound 'Obair níos fearr, saol níos fearr' [Better work, better life], ní féidir le Bliainiris 2009 ach pictiúr páirteach de thátail taighde Eurofound a léiriú, de bharr fairsing na hoibre ar bun bliain i ndiaidh bliana. Mar sin féin, mar a léiríonn sracfhéachaint trí an mBliainiris, bhí tionchar an chúlaithe chun tosaigh i dtaighde Eurofound thar a éagsúlacht réimsí saineolais. Lena chois sin, léirigh taighde tréimhsiúil, comhréireach Eurofound a luach, ag léiriú na hathruithe atá tar éis teacht chun cinn de dheasca an choir chun donais go dtí seo. Imlíníonn sonraí ó Ráitheachán an mhonatóra athstruchtúraithe Eorpach [*European restructuring monitor quarterly*] an fás agus meathlú dá éis sin i gcaillteanas post i ndáil le hathstruchtúrú; d'aibhsigh nuashonruithe rialta ó Réadlann Caidrimh Thionsclaíoch na hEorpa (EIRO) an comhar agus bagairt atá tagtha chun cinn i measc comhpháirtithe sóisialta san Eoraip; athbhreithniúcháin bhliantúla na n-uaireanta oibre agus pointe pá leis na hathruithe ag tarlú i ndálaí oibre mar fhreagairt ar an gcúlú; fad a léiríonn comparáid na dtreochtaí i gcáilíocht na beatha tionchar an chúlaithe á bhrath ag saoránaigh na mBallstát.

Táimid muiníneach go dtabharfaidh an Bhliainiris seo imlíne ar na príomhfhorbairtí a chuir cruth le hobair agus le saolta saoránach na hEorpa i gcaitheamh na bliana 2009.

**Jorma Karppinen**
Stiúrthóir

**Erika Mezger**
Leas-Stiúrthóir

# AN MÉID A FUAIREAMAR AMACH


| | | |
|---|---|---|
| **CAIBIDIL 1** | AN CÚLRA GEILLEAGRACH | lch. 1 |
| **CAIBIDIL 2** | AG FREAGAIRT DON CHÚLÚ | lch. 7 |
| **CAIBIDIL 3** | CONAS A BHÍ SÉ DUITSE? | lch. 18 |
| **CAIBIDIL 4** | CÁILÍOCHT NA BEATHA | lch. 25 |
| **Tuilleadh léitheoireachta** | | lch. 38 |

# AN CÚLRA GEILLEAGRACH 1

Ba é tús 2009 an pointe ba mheasa den chúlú, fógraíodh an líon is mó caillteanas post sa chéad ráithe den bhliain, leis an tionchar is measa le tabhairt faoi deara i measc na bhfear agus na n-oibrithe níos óige. Tháinig méadú diaidh ar ndiaidh ar an líon caillteanas post de dheasca féimheachta i 2008 agus 2009, agus i measc na n-earnálacha a bualadh go dona bhí na hearnálacha tógála, teicstílí agus déantúsaíochta. Leis sin ráite, áfach, cruthaíodh poist i rith na bliana freisin, agus bhain cuideachtaí atá ag tairiscint earraí agus seirbhísí ísealchostais tairbhe as na hathruithe a tharla.

Ní féidir le measúnú ar bith a dhéantar ar fhorbairtí sa tionscal, forbairt coinníollacha oibre agus caighdeán laethúil maireachtála saoránach ar fud na hEorpa i 2009 neamhaird a thabhairt do thionchar an chúlaithe gheilleagraigh, de thoradh na géarchéime airgeadais, a tháinig chun tosaigh i 2008. I ndáil le dearcadh Eurofound baineann fíorthábhacht leis an gcúlú geilleagrach ina chlár taighde: ó tharla tionchar a bheith aige ar gach réimse taighde – athrú tionsclaíoch, cáillíocht oibre agus fostaíochta, agus coinníollacha maireachtála agus cáilíocht na beatha. Bhí tionchar suntasach ag an gcúlú geilleagrach ar na réimsí seo ar fad le dhá bhliain anuas, agus is chun donais atá cúrsaí ag dul. Le brú ar chorrlaigh chorparáideacha brabúis, tá gach seans ann go mbeidh bearta costasacha atá dírithe ar choinníollacha oibre a fheabhsú thíos leis dá bharr. Os a choinne sin, beidh tionchar diúltach ag fiachas poiblí atá ag méadú an t-am ar fad in a lán Ballstát ar chistí a bhfuil sé mar aidhm leo beartais leasa shóisialaigh a chur i bhfeidhm.


In ainneoin gur féidir a rá, go teicniúil, gur tháinig an AE slán ón gcúlú geilleagrach sa tríú ráithe de 2009, bhí an fhorbairt mall go leor agus go maith faoi bhun treochtaí stairiúla. Lena chois sin, tháinig méadú leanúnach ar dhífhostaíocht, go dtí na leibhéil is airde le deich mbliana anuas – 9.5% ar fud an AE27. Sa chéad ráithe de 2009, ar a laghad, ba iad oibrithe láimhe den chuid is mó a bhí thíos leis – go háirithe oibrithe láimhe oilte, rud a thugann léargas ar an líon mór post a cailleadh sna hearnálacha déantúsaíochta agus tógála. Mar a tharla sna cúluithe geilleagracha roimhe seo, chaill níos mó fear ná ban post. Agus thit an ráta fostaíochta i measc daoine óga (daoine idir 15 agus 24 bliain d'aois) níos mó ná mar a thit i measc daoine óga os cionn 24 bliain d'aois. Bhí meath suntasach tagtha, sna Ballstáit sin a raibh an tionchar is mó ag an gcúlú geilleagrach orthu, tíortha cosúil le hÉire, an Spáinn, agus na Stáit Bhaltacha, ar mhargadh fostaíochta na ngrúpaí déimeagrafacha ar fad - idir óg agus aosta, idir fhir agus mhná.

Ó 2002 i leith, rinne Monatóir Athstruchtúraithe Eorpach (ERM) Eurofound measúnú ar an athstruchtúrú a ndearnadh san Eoraip agus ar na hiarmhairtí a bheadh ag a leithéid ar fhostaíocht – i dtéarmaí cruthú agus caillteanas post. Tugann figiúirí 2009 léargas dúinn ar chaillteanas suntasach, leanúnach post ar fud na hEorpa. Ó dheireadh an dara ráithe de 2008 anall, thosaigh an ERM ag tuairisciú fógraí a bhí á ndéanamh ag na meáin Eorpacha maidir le líon ard caillteanas post i gcuideachtaí a bhí dírithe ar athstruchtúrú. Mhéadaigh na huimhreacha i rith na bliana, go dtí an líon is mó ar fad sa ráithe dheireanach de 2008 agus sa chéad ráithe de 2009. I rith 2009, tháinig laghdú ar an líon caillteanas post a fógraíodh; a dhála sin freisin, tháinig laghdú ar an líon post nua a bhí á gcruthú, mar a léirítear i bhFigiúr 1 anseo thíos. Pointe suntasach go leor is ea, sa tréimhse chéanna, gur tháinig méadú suntasach ar an gcéatadán de chaillteanas post a fógraíodh, de thoradh féimheachta.

Is léir ó thaighde a rinne Eurofound, agus cúlú geilleagrach ar bun, go raibh méadú suntasach ar an líon cásanna féimheachta i gcaitheamh na bliana, go dtí lár 2009. Sa Danmhairg, mar shampla, bhí méadú 85% ar an líon cásanna féimheachta idir Bealtaine 2008 agus Bealtaine 2009, in ainneoin líon dochreidte cásanna a bheith tugtha faoi deara cheana féin in 2008. Os a choinne sin, bhuail an fhéimheacht roinnt mhaith earnálacha go dona: tógáil, teicstílí, mórdhíol agus miondíol, déantúsaíocht, óstáin agus bialanna, agus feithiclí. Mar shampla ó 2008 i leith san Eastóin, bhí méadú faoi thrí ar an líon íocaíochtaí dócmhainneachta san earnáil déantúsaíochta agus beagnach meadú faoi cheathair san earnáil mórdhíola agus miondíola; san earnáil tógála as féin, rinneadh breis agus 15 uaire níos mó íocaíochtaí dócmhainneachta.

© An Foras Eorpach chun Dálaí Oibre agus Maireachtála a Fheabhsú, 2010 

Figiúr 1: *Líon na gcás athstruchtúraithe agus iomlán na gcaillteanas agus na ngnóthachan poist fógartha*




Foinse: *Ráitheachán ERM Eagrán 4 – geimhreadh 2009*

Scrúdaítear sa taighde dar teideal Restructuring in bankruptcy: recent national case examples [Athstruchtúrú i bhFéimheacht: samplaí cáis náisiúnta úrnua], cásanna féimheachta a tharla le déanaí d'fhonn tuiscint níos fearr a fháil ar fhéimheachtaí go ginearálta agus go háirithe na himpleachtaí a bhíonn ag a leithéid ar na hoibrithe i gceist agus an cineál cúitimh a fhaigheann siad. Aimsíodh gurb é an príomhchúis gur theip ar roinnt mhaith cuideachtaí ná fiacha móra, mar aon le teip straitéis iomaíochais a fhorbairt. Nuair a tharla an cúlú geilleagrach, bhí sé deacair féimheacht a sheachaint. Chiallaigh éileamh laghdaithe ar tháirgí nó ar sheirbhísí, nó rochtain theoranta ar chreidmheas go raibh deacrachtaí nó go raibh sé dodhéanta fiú ag roinnt cuideachtaí fiacha a sheirbhísiú. Is cosúil gurb iad fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) atá ag brath go mór ar iasachtaí a fháil a bualadh go dona ina leith seo. D'fhorbair roinnt tíortha bearta chun creidmheas a sholáthar do FBManna (ach go háirithe) d'fhonn cuideachtaí a bhí i mbaol féimheachta a chosaint i bhfianaise infhaighteacht laghdaithe creidmheasa do ghnóthaí. San Iodáil, mar shampla, bhunaigh an Rialtas ciste dá leithéid sin, a chuir ar chumas cuideachtaí iasacht suas le €1.5 milliún a fháil; ach tá gach cosúlacht ar an scéal go dtí seo ar aon nós nach i gcónaí a éiríonn le straitéisí den chineál seo.


Chomh maith leis sin, bhí cuideachtaí áirithe thíos leis de dheasca 'éifeacht iarmhartach', is éard atá i gceist leis sin na gurb í féimheacht cuideachta eile ba chúis le féimheacht a gcuideachta féin. Chiallaigh féimheacht i measc cuideachtaí ag deireadh an tslabhra soláthair go ndeachaigh cuideachtaí eile níos faide thíos sa slabhra soláthair i dtreo na dócmhainneachta. Sa Rómáin, mar shampla, chruthaigh an ghéarchéim san earnáil tógála deacrachtaí do chuideachtaí sa tionscal adhmadóireachta, arb é a bhí mar thoradh air ná laghdú ar orduithe agus deacrachtaí airgeadais i measc cuideachtaí bainistíochta foraoise. Sa Liotuáin, ba é ba chúis le cuid de na féimheachtaí in óstáin agus i mbialanna ná dúnadh na haerlíne náisiúnta agus eitiltí chuig an Liotuáin á gcur ar ceal ag aerlínte eachtracha. Chuir an éifeacht iarmhartach seo leis an meath geilleagrach i measc na dtíortha éagsúla. Sa tSlóvaic, mar shampla, ba iad na chéad chuideachtaí a raibh orthu déileáil le féimheachtaí ná na cuideachtaí sin a bhí ag easpórtáil chuig tíortha a bhí buailte go dona cheana féin ag an gcúlú geilleagrach – go háirithe, cuideachtaí i dtionscal na ngluaisteán. Ba é seo a bhí mar bhonn le laghdú sna rátaí díolacháin i measc a soláthraithe intíre.

**803**

teagmhálacha agus cruinnithe achoimre idir Eurofound agus príomhlucht déanta beartais ar leibhéal an AE


 © An Foras Eorpach chun Dálaí Oibre agus Maireachtála a Fheabhsú, 2010

Figiúr 2: *Gnóthachan agus caillteanas post fógartha de réir tíre, 2009*




Foinse: *ERM*

Figiúr 3: *Caillteanas agus gnóthachan post fógartha de réir earnála, 2009*




Foinse: *ERM*

### Spotsolas ar Fhóram an Fhorais 2009:

## Cúlú - ag aimsiú an bealach amach

Príomhghné d'obair Eurofound é fóram le haghaidh díospóireachta agus plé a bhunú, agus lucht déanta beartais agus príomhghníomhaithe a thabhairt le chéile. Is é an príomhimeacht a eagraíonn Eurofound ná Fóram an Fhorais, imeacht a reáchtáiltear gach dara bliain. I mí na Samhna 2009, phléigh rannpháirtithe ag imeacht a d'oscail Brian Cowen, Taoiseach na hÉireann, an téama 'Cúlú domhanda: bealach amach na hEorpa' rud a léirigh an bhéim a leag obair Eurofound ar an gcúlú geilleagrach i gcaitheamh na bliana. Go háirithe, pléadh cibé an bhféadfadh an Eoraip éalú ón gcúlú geilleagrach agus a prionsabail shóisialta agus pholaitiúla a thabhairt slán? An mbeidh sé riachtanach roinnt luachanna bunúsacha Eorpacha a ligean i ndearmad d'fhonn iomaíochas domhanda a bhaint amach an athuair? Bhí daoine áirithe ag maíomh gur cheart caiteachas poiblí a ghearradh siar agus bhí daoine eile ag maíomh go dteastaíonn caiteachas stáit chun cothromaíocht gheilleagrach a chothabháil. Bhí rannpháirtithe ag cur agus ag cúiteamh maidir le cibé an bhfuil gá le rialtais a gcuid maoinithe a mhéadú, agus faoi ché mhéid, chun poist a chruthú, cúnamh a sholáthar maidir le poist a chuardach agus maidir le fóirdheontais oiliúna agus earcaithe a sholáthar. Ardaíodh an cheist maidir le hinbhuanaitheacht beart costasach dá leithéid sin; os a choinne sin, léiríodh imní agus rátaí dífhostaíochta ag méadú, faoin bhféidearthacht a bhainfeadh leis an iomarca éilimh agus gan dóthain acmhainne seirbhísí a sheachadadh. Chomh maith leis sin, tharraing cainteoirí ag an bhFóram aird ar an ról is féidir a bheith ag comhpháirtíocht shóisialta i mbuntáiste comparáideach na hEorpa a chur chun cinn agus tarraingíodh aird freisin ar an ngá atá le freagairtí feiliúnacha a chruthú le haghaidh leas sóisialta agus athchóiriú an chórais leasa.

D'aimsigh an taighde freisin nuair a chailleann oibrithe a gcuid post de thoradh féimheachta, gur gnách go mbíonn na himpleachtaí níos dáiríre ná mar a bhíonn i gcás cineálacha eile athstruchtúraithe: b'fhéidir nach mbeadh ar chumas a bhfostóir féimheach aon tacaíocht, airgeadas nó praiticiúil, a sholáthar, agus in éagmais íocaíochtaí féimheachta is minic go mbíonn oibrithe ag brath ar chúnamh ón rialtas. Áiríonn tacaíocht a sholáthraíonn rialtais i bhformhór na dtíortha beartas chun éilimh ar bith a d'fhéadfadh oibrithe a dhéanamh i gcoinne fostóir dócmhainneach a íoc, agus a chinntiú nach mbíonn impleacht ar bith ag a leithéid ar theidlíochtaí pinsean: tá cistí pinsean in a lán tíortha á gcosaint ag rialacháin a shonraíonn nach mór cistí ar leith a choinneáil scartha ó leasa gnó.

## Conas a fhaigheann an ERM a chuid sonraí?

Déanann an Monatóir Athstruchtúraithe Eorpach (ERM) monatóireacht ar fhógraí a dhéanann cuideachtaí sna meáin maidir le hathstruchtúrú, agus caillteanas agus cruthú post, ar fud an AE27 agus na hIorua. Áiríonn bailiú sonraí gach fógra a bhaineann le laghdú nó le cruthú 100 post ar a laghad, nó a bhfuil tionchar aige ar 10% den lucht oibre in ionaid oibre a bhfuil 250 oibrí nó níos mó fostaithe iontu. Buntáiste mór a bhaineann leis an gcur chuige seo is ea go dtarraingíonn sé aird ar fhógraí go luath sa phróiseas dífhostaithe; is cinnte, áfach, go ndéanann sé rómheastachán ar na figiúirí dáiríre a bhfuil tionchar ag athstruchtúrú orthu. D'fhéadfadh foinsí eile sonraí eolas luachmhar, comhlántach a sholáthar faoi chaillteanas post freisin. I 2009, thosaigh an ERM ar staidéar a dhéanamh ar chomhfhógraí iomarcaíochta. Faoi Threoir an AE 98/59, tá dualgas ar gach cuideachta a bhfuil sé beartaithe aici fostaithe a bhriseadh as a bpost – faoi réir tairseacha áirithe – a gcuid foras náisiúnta a chur ar an eolas agus próiseas comhairliúcháin agus idirbheartaíochta a chur i bhfeidhm d'fhonn éifeachtaí a leithéid a mhaolú. Tá eolas luachmhar faoi na hiomarcaíochtaí atá beartaithe le fáil sna fógraí seo. Tá na sonraí seo teoranta, áfach, de thairbhe nach mbailítear an t-eolas céanna sna Ballstáit ar fad agus nach mbíonn na Ballstáit ar fad ag an gcéim chéanna den phróiseas. Leanfaidh an ERM le tuilleadh iniúchta a dhéanamh ar na tacair sonraí seo amach anseo.

Déantar bunachar sonraí an ERM a nuashonrú ar bhonn laethúil. Féadfaidh léitheoirí rochtain a fháil ar a thuilleadh sonraí i ndáil le cásanna aonair ag úsáid an inneall cuardaigh ag **www.eurofound.europa.eu/emcc/erm/index.htm**

 © An Foras Eorpach chun Dálaí Oibre agus Maireachtála a Fheabhsú, 2010

Bunaithe ar pheirspictíocht náisiúnta, léiríonn na figiúirí don bhliain, mar a sonraíodh sna ceithre heagrán de European restructuring monitor quarterly [Ráitheachán an mhonatóra athstruchtúraithe Eorpach] gurb é an Ríocht Aontaithe an tír ba mhíshásta i dtéarmaí caillteanas post fógartha, le breis agus 125,000 post caillte; tharla sé seo, i bpáirt, mar gheall ar chaillteanas go leor post san earnáil airgeadais, earnáil a d'fhógair caillteanas 30,000 post i gcaitheamh na bliana. Fógraíodh líon suntasach caillteanas post in earnálacha eile – an earnáil mhiondíola ach go háirithe: d'fhógair an slabhra eischeadúnais miondíola First Quench 6,000 caillteanas post mar shampla, agus dúnadh de bheagnach 1,000 siopa dá chuid ar fud na tíre.

Ba í an Ríocht Aontaithe an ceannaire i ndáil le cruthú post freisin, áfach, fógraíodh os cionn 60,000 post nua in 2009. Go suntasach, ba iad miondíoltóirí sladmhargaidh agus slabhraí mearbhia den chuid is mó a d'fhógair na poist seo, ionaid – ar cosúil – a chuaigh chun ratha fiú agus an geilleagar trí chéile ag dul i léig. Sa chéad ráithe den bhliain, mar shampla, d'fhógair Kentucky Fried Chicken go mbeadh 9,000 post á chruthú aige sa Ríocht Aontaithe. Sa ráithe chéanna, sa Ríocht Aontaithe, d'fhógair an sladmhargadh ASDA go raibh 7,000 post á gcruthú. (Ní sa Ríocht Aontaithe amháin a bhí a leithéid le tabhairt faoi deara, áfach: i bhfómhar 2009, d'fhógair grúpa sladmhargaidh na Beilge Colruyt go raibh thart ar 4,000 post nua á gcruthú aige.)

Sa Pholainn, bhí líon mór athstruchtúruithe mar bhonn le cruthú líon suntasach post: fógraíodh 5,000 post nua sna longchlóis ag Stoczina Szczecin agus Stoczina Gdynia mar shampla, agus san fhómhar d'fhógair an chuideachta mhór ríomhaireachta IBM go raibh 1,000 post nua á gcruthú.

Cruthaíodh roinnt post nua freisin sa réimse sin ar a dtugtar 'poist ghlasa'. Sa dara ráithe den bhliain, d'fhógair Veolia Environnement sa Fhrainc go raibh 5,000 post nua á gcruthú sa réimse athchúrsála, agus d'fhógair Bord Soláthair an Leictreachais in Éirinn go raibh beagnach 4,000 post le cruthú i réimse na teicneolaíochta fuinnimh. Bhí tionchar an chúlaithe gheilleagraigh le tabhairt faoi deara freisin sna poist a cruthaíodh san earnáil phoiblí, áit ar cuireadh seirbhísí ar fáil le cabhrú leo siúd a bhí ag déileáil le hiomarcaíocht: d'fhógair Seirbhís Fostaíochta Phoiblí na Sualainne sa tríú ráithe, mar shampla, gur cruthaíodh 2,000 post nua.

**49%**

de mhéadú i gcáipéisí beartais an Choimisiúin Eorpaigh ag déanamh tagairt do thaighde Eurofound

**Fóram an Fhorais 2009**

## Cé a dúirt céard

An Taoiseach, **Brian Cowen**: 'Is é an rud is tábhachtaí ar féidir linn [in Éirinn] a dhéanamh d'fhonn poist a chosaint agus poist nua a chruthú ná gníomhú go tapa, go cinntitheach agus go héifeachtach d'fhonn airgeadas poiblí a chur ina cheart. Cuirfidh sé seo leis an muinín náisiúnta agus idirnáisiúnta a bheidh mar bhonn le hinfheistíocht a mhealladh agus caiteachas tomhaltóirí a mhéadú, atá mar réamhriachtanas na fostaíochta.'

**John Monks**, Cónaidhm na gCeardchumann Eorpach: 'Is cosúil le cobhsaitheoirí iad stáit leasa. Ní mór dúinn geilleagair mhargaidh agus earnálacha poiblí a chothromú. Bhí laghduithe cosúla le tabhairt faoi deara in OTI sa Ghearmáin agus sa Ríocht Aontaithe, ach fós féin mar thoradh ar fhóirdheontais ghearrthéarmacha oibre na Gearmáine is beag ardú atá tagtha ar dhífhostaíocht.'

**Amy Domini**, bunaitheoir agus príomhoifigeach feidhmiúcháin Domini Social Investments agus príomhghníomhaí ar son na hinfheistíochta atá freagrach go sóisialta: 'Tá sé riachtanach go gcuirimid dúshlán roimh chuid de na boinn ar a bhfuil an córas airgeadais ag feidhmiú. Déarfainn féin gur cheart go mbeadh sócmhainní airgeadais á mbainistiú ar shlí a fhreagraíonn do spriocanna na sócmhainní airgeadais, is é sin an saol a dhéanamh níos fearr do líon níos mó daoine.'

Dhiúltaigh **Jørgen Rønnest**, Cathaoirleach an Choiste um Ghnóthaí Sóisialta, BusinessEurope, gurb é an cur chuige ceart déileáil leis an ngéarchéim mar fhadhb chórasach agus thug sé rabhadh maidir le ró-rialú cuideachtaí: 'Ba cheart réitigh a aimsiú ag leibhéal cuideachta agus earnála'.

**Maria João Rodrigues**, Comhairleoir Speisialta ar Chlár Oibre Liospóin: 'In ainneoin go bhfuilimid ag déileáil leis an gcúlú seo tá eagla ar dhaoine go mbeifear ag tabhairt cosantaithe orthu. Ach má chaillimid poist anois beidh sé i bhfad níos deacra iad a chruthú arís amach anseo … Ba cheart go mbeadh ár bplé faoin ngéarchéim dírithe ar na bealaí ar féidir linn forbairt fhadtréimhseach a spreagadh. Níor cheart dúinn neamhaird a thabhairt don tábhacht a bhaineann leis an bhfadtéarma.'

**Robert Verrue**, Ard-Stiúrthóir in Ard-Stiúrthóireacht Fostaíochta, Gnóthaí Sóisialacha agus Comhdheiseanna an Choimisiúin Eorpaigh: 'Ní bheadh an oiread sin daoine ag súil le freagra chomh comhtháite sin ón AE i ndáil leis an gcúlú. Ní mór dúinn leanúint orainn sa tóir ar an gcumas a bhaineann le freagra coiteann a fháil. Murach go raibh freagra an AE comhtháite, bheadh sé deacair an dul chun cinn atá déanta againn a dhéanamh.'

**Krasimir Popov**, Leas-Aire Saothair agus Beartas Poiblí ar fhreagra na Bulgáire don chúlú: 'Áiríonn ár bplean téarnaimh gearrthréimhseach leas sóisialta agus árachas sláinte mar aon le himpleachtaí sóisialta an athstruchtúraithe. Tá dearbháin ar fáil d'oibrithe a chailleann a bpost, dearbháin a chumhdaítear faoi Chiste Sóisialta na hEorpa. Tá an t-uafás acmhainní á gcur ar fáil chun poist a chruthú.'

**Anna Ekström**, Uachtarán Chónaidhm Chomhlachais Ghairmiúla na Sualainne: 'Is éard atá mar bhonn le comhphlé sóisialta ná cothromaíocht cumhachta a chur chun cinn i measc leasanna contrártha. I gcás comhphlé fiúntach sóisialta, bíonn comhréiteach i gceist idir an dá thaobh … Ba cheart dúinn breathnú ar leas sóisialta mar infheistíocht; chun athrú a spreagadh; chun forbairt a spreagadh … mar thúsphointe seachas mar líontán sábhála.'

 © An Foras Eorpach chun Dálaí Oibre agus Maireachtála a Fheabhsú, 2010

# AG FREAGAIRT DON CHÚLÚ 2

In ainneoin gurb é an cúlú geilleagrach is cúis le gníomhaíocht thionsclaíoch, déileáladh le laghdú ar éileamh in a lán cásanna trí eagrú oibre a athrú nó solúbthacht inmheánach a mhéadú. Gné amháin den chúlú reatha é toilteanas na n-údarás poiblí agus na gcomhpháirtithe sóisialta comhoibriú lena chéile ar bhearta cothabhála fostaíochta mar fhreagairt ar an laghdú sealadach ar éileamh, arna dtacú le hathruithe i mbeartais agus i mbearta ar leibhéal an AE.

## LEIBHÉAL AN AE

Tá níos mó i gceist leis an taighde atá déanta ag Eurofound ar an gcúlú geilleagrach ná díreach sonraí cainníochtúla a sholáthar faoin líon caillteanas agus cruthúnas post, ionas gur féidir measúnú cáilíochtúil a dhéanamh ar an tslí a bhfuiltear ag déileáil leis an gcúlú geilleagrach san Eoraip, sna Ballstáit éagsúla, i measc cuideachtaí, comhpháirtithe sóisialta agus ceardchumann. D'áirigh an measúnú seo cás-staidéir agus comparáidí ar chur chuige náisiúnta, measúnú arb é struchtúr trípháirteach Eurofound a bhí mar bhonn leis, a thugann léargas agus rochtain faoi leith dúinn ar dhearcaí agus ar chur chuige éagsúla imreoirí ar leibhéal an AE, rialtais náisiúnta, ceardchumainn agus eagraíochtaí fostóirí.

Mar fhreagairt ar an gcúlú geilleagrach nach raibh súil ar bith leis, cuireadh bearta éagsúla le déileáil leis an gcúlú i bhfeidhm ar fud na hEorpa, ag gach uile leibhéal. An príomhfhreagairt ar leibhéal an AE ba ea an Plean Eorpach don Téarnamh Eacnamaíoch (EERP), plean ar ghlac an Chomhairle Eorpach leis i Samhain 2008. Mar a luadh i dtuarascáil ERM 2009: Athstruchtúrú sa chúlú, tá sé mar aidhm le EERP beartais na mBallstát a chomhordú, mar aon le maoiniú breise a sholáthar tríd an mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI) agus cistí cosúil le Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE). Is é an príomhaidhm atá le EERP ná caiteachas a spreagadh agus ar an tslí sin cabhrú le poist a chaomhnú go dtí go mbeidh téarnamh le tabhairt faoi deara.

Chomh maith leis sin, d'fhógair an plean leathnú sealadach rialacha oibríochta an Chiste Eorpaigh um choigeartú don Domhandú (EGF), d'fhonn cur ar a chumas freagairt go héifeachtach d'athstruchtúrú ar leibhéal cuideachta, athstruchtúrú atá ag tarlú de dheasca na géarchéime. Faoin maolú seo, tá dualgas ar Bhallstáit iarrthóra nasc soiléir a léiriú idir na hiomarcaíochtaí agus an cúlú geilleagrach. Beidh leathnú na scóipe i bhfeidhm go dtí deireadh 2011, mar aon leis an méadú i maoiniú an AE, a d'ardaigh ó 50% go dtí 65%. Ina theannta sin, tá an tairseach don líon iomarcaíochtaí, atá riachtanach d'fhonn cáiliú le haghaidh tacaíochta, íslithe ó 1,000 go 500, i gcás amháin nó i roinnt cásanna níos lú. Go dtí seo, tá formhór na gcistí caite ar mheaitseáil post agus ar bhearta comhairleoireachta, mar aon le hathoiliúint. Ligeann an EGF, áfach, do bhearta eile cosúil le deontais soghluaisteachta, bearta tacaíochta tuarastail, agus gníomhaíochtaí atá dírithe ar ghrúpaí atá faoi mhíbhuntáiste.

### An raibh rath leis an EGF go dtí seo?

Deir príomhimreoirí a bhfuil baint acu leis an bpróiseas chun cabhrú le hoibrithe a bhí ag déileáil le hiomarcaíochtaí de dheasca an athstruchtúraithe a rinneadh in dhá chás suntasach, go bhfuil fíorthábhacht ag baint leis an gcúnamh breise airgeadais agus acmhainní daonna a sholáthair EGF agus gur 'foinse thar a bheith tábhachtach a bhí ann sa bhreis ar fhoinsí maoinithe eile'. Tharraing taighde Eurofound aird ar an ról a bhí ag maoiniú EGF in oibrithe a bhí dífhostaithe de thoradh athstruchtúraithe an dá chuideachta sa earnáil teileafóin phóca - BenQ sa Ghearmáin agus Perlos san Fhionlainn – a spreagadh i dtreo na fostaíochta an athuair. Bunaithe ar an taighde, príomhghné de rath an chiste in iarrachtaí náisiúnta agus réigiúnacha a chomhtháthú ba ea an méid ama breise a cheadaigh sé le haghaidh oiliúint agus cúnamh níos doimhne do dhaoine aonair, go háirithe grúpaí leochaileacha oibrithe. Ar an iomlán, is cosúil go raibh tionchar suntasach ag EGF – sna cásanna seo ar a laghad – ar infhostaitheacht agus ar fholláine oibrithe a chaill a bpost de bharr na hiomarcaíochta.

Tá dhá mhúnla difriúil i bhfeidhm sa Ghearmáin agus san Fhionlainn le cabhrú le hoibrithe a chaill a bpost de bharr na hiomarcaíochta: an chuideachta aistrithe agus an t-ionad slándála athraithe. Tá roinnt mhaith forbartha déanta ar an dá mhúnla. I gcás na Gearmáine, áfach, ní áireodh an gnáthmhúnla de chuideachta aistrithe an cúnamh agus an oiliúint aonair d'oibrithe den sórt sin, mar aon le tacaíocht le haghaidh piarghrúpaí, a áiríodh mar chuid de phacáiste EGF. Agus i gcás na Gearmáine agus na Fionlainne, chiallaigh cúnamh EGF go raibh sé indéanta comhpháirtíochtaí seachadta oiliúna a fhorbairt d'fhonn measúnú níos mine a dhéanamh ar riachtanais an mhargaidh fostaíochta agus soláthar oiliúna a dhearadh go speisialta, rud ar dócha go mbeadh torthaí poist níos dearfaí dá thoradh. San Fhionlainn, bunaithe ar shrianta buiséadacha an Rialtais, baineann deacrachtaí áirithe le foireann bhreise tacaíochta a earcú d'fhonn cabhrú le hoibrithe. Chiallaigh maoiniú EGF, áfach, go bhféadfaí níos mó foirne tacaíochta a earcú, agus bhí postionad áitiúil in ann cabhair a fháil ó chomhairleoirí breise, síceolaí gairme agus ceann foirne.

Srian eile fós ar mhúnlaí traidisiúnta na Gearmáine agus na Fionlainne is ea gur minic nach mbíonn dóthain acmhainní ama nó airgeadais acu. Cruthaíonn sé seo deacrachtaí do na hoibrithe sin a dteastaíonn cúnamh uathu, oibrithe a dteastaíonn níos mó idirghabhála uathu, mar aon le comhairleoireacht agus le hoiliúint le cur ar a gcumas filleadh ar an margadh fostaíochta an athuair. I gcás BenQ agus Perlos, mhothaigh na daoine a ndearnadh agallamh orthu don chás-staidear – Breisluach an Chiste Eorpach um choigeartú don Domhandú: Comparáid na nEispéireas sa Ghearmáin agus san Fhionlainn [Added value of the European Globalisation adjustment Fund: A comparison of experiences in Germany and Finland] – gurb é an buntáiste ba mhó a bhain le hidirghabháil EFG ná acmhainní agus pearsanra breise a bheith ar fáil chun cabhrú le hoibrithe, seachas cineálacha nua scéimeanna tacaíochta a chruthú. Agus sa dá chás, measadh gurbh iad na grúpaí oibrithe is leochailí – daoine níos sine, daoine le leibhéil ísle scileanna agus mná (máithreacha singile go háirithe) – a bhain an méid is mó tairbhe as an tacaíocht bhreise a bhí á soláthar ag maoiniú EGF. Nuair a rinneadh an suirbhé, léirigh oibrithe sa dá chuideachta an tacaíocht feabhsaithe aonair a bhí le fáil ó na comhairleoirí nua.

## AG FREAGAIRT DON CHÚLÚ

### Freagairtí ó Bhallstáit

De réir mar a bhí éifeachtaí an chúlaithe ag teacht chun solais ar fud na hEorpa, d'fhreagair rialtais náisiúnta agus réigiúnacha sna Ballstáit trí phacáistí cuimsitheacha le déileáil leis an ngéarchéim a sheoladh. Príomhghné de go leor de na pacáistí seo é tacaíocht agus cúnamh do chuideachtaí agus d'oibrithe atá ag déileáil leis na dúshláin a bhaineann le laghdú ar éileamh, agus margadh fostaíochta atá faoi bhrú.

Trí úsáid a bhaint as bearta éagsúla, rinne Ballstáit iarracht déileáil leis na dúshláin éagsúla a bhí os a gcomhair ar bhealaí éagsúla – rinne siad iarracht poist a chosaint, dhéileáil siad le hiarmhairtí dífhostaíochta agus an tionchar atá ag a leithéid a mhaolú nuair a tharlaíonn sé, agus – ag féachaint i dtreo na todhchaí – rinneadh iarracht infhostaitheacht a chothú agus na coinníollacha a spreagann fás fostaíochta a chaomhnú.

### *Ag gearradh uaireanta oibre*

Ceann de na hionstraimí is tábhachtaí ar chuir rialtais tús léi, nó ar leathnaigh siad i gcásanna áirithe, ba ea tacaíocht airgeadais a sholáthar d'obair ghearr-ama. Mar fhreagairt ar éileamh laghdaithe, agus dá réir sin aschur laghdaithe, ghearr fostóirí uaireanta oibre – agus pá – a bhfostaithe (ar aon dul go minic le comhaontuithe comhchoiteanna), agus baineadh leas as cúnamh stáit sealadach chun cur le tuarastail na bhfostaithe. Cosnaíonn a leithéid sin de scéimeanna fostaithe i gcoinne caillteanas dáiríre ioncaim agus cuireann sé ar chumas cuideachtaí oibrithe oilte a choinneáil, ar chostas laghdaithe don chuideachta. I bhfianaise na ndlíthe fostaíochta náisiúnta agus na réimeas cómhargála éagsúla ar fud na hEorpa, áfach, tá éagsúlacht shuntasach le tabhairt faoi deara sa tslí ar chomhoibrigh rialtais agus cuideachtaí náisiúnta le hobair ghearr-ama a éascú.

 © An Foras Eorpach chun Dálaí Oibre agus Maireachtála a Fheabhsú, 2010

## Ag brú na coscáin - earnáil na ngluaisteán i ngéarchéim

Is fostóir fíorthábhachtach é earnáil na ngluaisteán, tá breis agus 2.2 milliún duine fostaithe san earnáil san Eoraip agus tá baint ag beagnach 10 milliún le gníomhaíochtaí sa slabhra soláthair – beagnach an tríú cuid de na poist déantúsaíochta ar fad san Eoraip. Tá earnáil na ngluaisteán buailte go dona ag an gcúlú geilleagrach, áfach: chonacthas laghdú ar rátaí díolacháin sa chéad cheithre mhí de 2009 – thart ar 15% san AE15 agus 21% in BSN (Ballstáit Nua) – rud a chroith an earnáil go dona agus a chur líon dochreidte post i mbaol. I lár mhí Feabhra mar shampla, d'fhógair General Motors go mbeadh 47,00 post á gcailleadh, agus i Márta d'fhógair Volkswagen go gcaillfí 16,500 post sealadach ar fud na cruinne.

I 2009, dhírigh taighde Eurofound ar fhorbairtí san earnáil, an tslí ar dhéileáil tionscal na ngluaisteán leis an gcúlú geilleagrach agus na freagairtí beartais a forbraíodh ag leibhéil náisiúnta agus Eorpacha. Rinne go leor rialtas náisiúnta iarracht iasachtaí éigeandála a sholáthar agus níos mó éilimh a chruthú – trí scéimeanna traipisithe a bhunú, mar shampla, a thugann dreasacht airgeadais do dhaoine a cheannaíonn gluaisteán nua. Cé gur spreag sé seo éileamh i measc tomhaltóirí sa Ghearmáin, ní raibh an tionchar céanna ag scéimeanna cosúla in áiteanna eile. Shábháil scéimeanna oibre gearr-ama poist, sa ghearrthréimhse ar aon chaoi, sholáthair an stát breisiú tuarastail d'fhonn tuarastail laghdaithe a chúiteamh agus d'fhonn leanúnachas ranníocaíochtaí leasa shóisialaigh a chinntiú.

### Tionscnaimh ar leibhéal na cuideachta

I roinnt tíortha, tá tionscnaimh dá gcuid féin forbartha ag cuideachtaí chun foireann a choimeád fiú agus laghdú ar éileamh. I measc na dtionscnamh sealadach seo tá táirgeadh a stopadh mar aon le saoire gan phá a thairiscint d'fhostaithe, dífhostaíochtaí sealadacha, reo pá agus ciorruithe pá. I gcásanna áirithe – Bentley Motors sa Ríocht Aontaithe, Toyota UK, Volvo sa tSualainn agus Opel sa Pholainn – bíonn deiseanna oiliúna ag an lucht oibre nuair a chuirtear stop le táirgeadh nó i rith oibre gearr-ama, deiseanna chun scileanna nua a fhoghlaim nó deiseanna pleananna a dhéanamh i gcás dífhostaithe. Ní fios go fóill an gcabhróidh a leithéid sin de bheart le hearnáil na ngluaisteán go dtí go dtagann feabhas ar dhálaí geilleagracha arís. Bunaithe ar an bhfianaise a bhí le fáil in Iúil 2009, bhí gach cosúlacht ar an scéal go raibh níos mó cumasc agus dúnadh i ndán.

Tá breis eolais le fáil san fhoilseachán Treochtaí agus beartais athstruchtúraithe úrnua san earnáil uathghluaisneach [*Recent restructuring trends and policies in the automotive sector*].

Sa Ghearmáin, soláthraíonn an córas reatha feidearálach *Kurzarbeit*, le tacaíocht an Stáit, cúltaca do chuideachtaí atá ag díriú ar obair ghearr-ama. Sa chás go sáraíonn riachtanas cuideachta do sholúbthacht uaireanta oibre – nó go bhfuil an riachtanas atá comhaontaithe ídithe, féadfaidh sé tairbhe a bhaint as cistí feidearálacha. Idir Deireadh Fómhair agus Nollaig 2008, tharla méadú cúig huaire ar an líon oibrithe a bhí ag baint tairbhe as íocaíochtaí ón gciste; faoi Mhárta 2009, bhí thart ar 1.1 milliún oibrí ón nGearmáin a raibh uaireanta oibre laghdaithe fóirdheontais acu. Bunaithe ar mheastacháin áirithe, murach an beart áirithe seo, bheadh a bpoist caillte ag 350,000 oibrí sa Ghearmáin. Is cinnte, de dheasca beart spreagtha go ginearálta, nach raibh an laghdú in OTI sa Ghearmáin mar thoradh leis an laghdú dífhostaíochta a mbeifí ag súil leis. Thit OTI na Gearmáine 6.7% idir an chéad ráithe de 2008 agus an chéad ráithe de 2009, agus thit OTI sa Spáinn níos lú ná leath an méid sin – 3% ar fad. Mar sin féin, in ainneoin go raibh méadú beag ar rátaí fostaíochta sa Ghearmáin – 0.4% – i rith na tréimhse, bhí laghdú 6.3% air sa Spáinn.

© An Foras Eorpach chun Dálaí Oibre agus Maireachtála a Fheabhsú, 2010

Fuarthas cabhrú ó a leithéid sin d'idirghabháil – dífhostaíocht pháirteach (*chômage partiel*) – sa Fhrainc chun poist a chosaint, i dtionscal na ngluaisteán go háirithe, áit ar tháinig méadú suntasach ar an líon cuideachtaí a bhí ag déanamh iarratais ar mhaoiniú faoin scéim. De réir scéim na Fraince, i gcásanna ina raibh deacrachtaí dáiríre geilleagracha, úsáidtear cistí stáit chun 60% de thuarastail in aghaidh na huaire a chumhdach i rith tréimhsí nuair a bhíonn comhaltaí foirne dífhostaithe go sealadach. Tá tairbhe bainte as scéimeanna cosúla san Ísiltír agus san Ostair. Sa Ríocht Aontaithe, áit a bhfuil margáil díláraithe den chuid is mó, is iad bearta chun uaireanta oibre a laghdú i bhfianaise an chúlaithe gheilleagraigh ba thoradh le hidirbheartaíochtaí ar leibhéal cuideachta idir lucht bainistíochta agus ceardchumainn. Níl aon chlár ar fud an stáit le cabhrú le fostóirí chun fostaíocht a choinneáil trí úsáid a bhaint as obair ghearr-ama.

Tá gach cosúlacht ar an scéal go bhfuil ar chumas na dtíortha sin a chuir bearta cosúil le solúbthacht uaireanta oibre, obair ghearr-ama agus dífhostaíocht shealadach i bhfeidhm, srian a chur leis an líon iomarcaíochtaí. San Ostair, sa Fhrainc, sa Ghearmáin agus san Ísiltír mar shampla, tíortha a d'úsáid meascán de na bearta seo, ní raibh na rátaí céanna dífhostaíochta le tabhairt faoi deara agus a bhí ina lán Ballstát eile. B'fhéidir nach mairfeadh na torthaí dearfacha seo le himeacht ama, áfach, dá mba rud é go dtiocfadh laghdú ar an margadh fostaíochta. Tá baol ann go n-ardódh leibhéil dífhostaíochta go tapa fiú amháin i dtíortha cosúil leis an bhFrainc agus leis an nGearmáin, tíortha inar éirigh leis na hearnálacha déantúsaíochta iontu, go dtí seo ar aon nós, an t-athstruchtúrú mór a tharla de thoradh an chúlaithe gheilleagraigh a sheachaint.

### *Ag gearradh costas saothair*

Is léir gur mór an chabhair do chuideachtaí é costais saothair a ghearradh d'fhonn déileáil go héifeachtach le deacrachtaí airgeadais i rith géarchéime. I roinnt Ballstát, laghdaigh nó iarchuir rialtais costais neamhthuarastail saothair – go háirithe na cánacha agus na ranníocaíochtaí sin atá iníoctha ag fostóirí. Sa Ghearmáin, mar shampla, tá ranníocaíochtaí fostóirí i leith árachais dífhostaíochta laghdaithe go 2.8% le haghaidh 2009 agus 2010. I dtíortha áirithe, tá grúpaí áirithe oibrithe, nó cuideachtaí in earnálacha áirithe, faoi réir ranníocaíochtaí laghdaithe leas sóisialta. I bPoblacht na Seice, san Ungáir agus sa Phortaingéil, mar shampla, tugann an Rialtas spreagadh do chuideachtaí oibrithe níos sine a earcú trína ranníocaíochtaí leas sóisialta a laghdú nó a dhíolmhú, árachas sláinte mar shampla. Sa Spáinn, tá ranníocaíochtaí fostóra sna hearnálacha aerlíne agus iompair ar bhóthar iarchurtha ag an rialtas.

## Bearta ar leibhéal na cuideachta

I rith 2008 agus 2009, chuir cuideachtaí tús lena mbearta féin, gan chúnamh ón Stát, agus é mar aidhm acu uaireanta oibre a oiriúnú agus costais saothair a laghdú. Úsáideadh bearta éagsúla chuige seo: cuireadh stop le táirgeadh; cuireadh oibleagáidí saoire bhliantúil a ghlacadh i bhfeidhm; bhí an tseachtain oibre nó na laethanta oibre níos giorra; baineadh níos mó úsáide as cuntais uaireanta oibre; rothlú saoire; agus saoire shabóideach. Lena chois sin, gearradh pá in a lán cásanna – 10% nó 20%. I ndáiríre, tá leas bainte ag cuideachtaí as raon beart a úsáidtear go minic i gcomhairle le ceardchumainn agus le comhairlí oibrithe.

De dheasca an chúlaithe gheilleagraigh, ag deireadh 2008 agus ag tús 2009, bhain roinnt cuideachtaí tairbhe as saoire na Nollag ag deireadh na bliana; cuireadh stop le táirgeadh agus dhún gnólachtaí i mí na Nollag 2008 agus i mí Eanáir 2009 ar feadh ceithre seachtaine i gcásanna áirithe. Leanadh leis seo sa chéad leath de 2009, chuir roinnt cuideachtaí stop le táirgeadh nó laghdaíodh an líon sealanna oibre a bhí ar fáil. Tríd is tríd, ba é an chéad chinneadh a rinne cuideachtaí d'fhonn déileáil leis na tréimhsí ciúine de thoradh laghdú ar éileamh uaireanta oibre gan obair oibrithe a laghdú trí mholadh go mbainfidís tairbhe as a dteidlíochtaí saoire.

 © An Foras Eorpach chun Dálaí Oibre agus Maireachtála a Fheabhsú, 2010

## Ciorruithe pá chun poist a shábháil

D'fhonn iomarcaíochtaí a sheachaint, d'aontaigh go leor fostóirí ar reo pá nó ar chiorruithe pá le hionadaithe fostaithe. In a lán cásanna, níor cuireadh ciorruithe pá i bhfeidhm go cothrom i measc gach fostaí, cuireadh i bhfeidhm iad ar bhonn céimnithe ar bhandaí ioncaim éagsúla – reo pá do lucht ísealioncaim, ciorruithe pá measartha do lucht meán-ioncaim agus gearradh pá níos mó agus neamhíocaíocht bónas do lucht bainistíochta mar shampla. Is gnách gur cuireadh na bearta sábhála post seo i bhfeidhm ar aon dul le bearta eile, seachas mar thionscnaimh aonair. In Eanáir 2009, mar shampla, d'aistarraing an déantúsóir earraí leictreonacha Sony a nósanna imeachta iomarcaíochta agus gheall sé an mhonarcha i Barcelona a choinneáil oscailte go dtí 2010 mar mhalairt ar reo pá agus uaireanta oibre níos faide; sa bhliain chéanna, d'aontaigh píolótaí le Czech Airlines ar laghdú 6.5% ar thuarastail d'fhonn 200 post a shábháil, agus tháinig an aerlíne Éireannach Aer Lingus agus an ceardchumann Éireannach SIPTU ar réiteach nuálaíoch. Faoin réiteach nua, bhain 850 oibrí tairbhe as rogha ar a dtugtar 'fág agus fill', socrú faoinar íocadh pacáiste téarfa mealltach, a chiallaigh gur fhill oibrithe ar róil nuashonraithe a raibh pá níos ísle agus coinníollacha níos measa ag gabháil leo.

De rogha air sin, chuir nó leathnaigh cuideachtaí eile an úsáid atá á baint acu as cuntais uaireanta oibre, sa Ghearmáin ach go háirithe. D'fhéadfaí go n-iarrfaí ar oibrithe am saor a thógáil i leith uaireanta ragoibre atá carntha acu cheana féin: d'fhéadfaidís tairbhe a bhaint as am saor gan a saoire bhliantúil a úsáid, agus ar an tslí sin féadfaidh an chuideachta an cúiteamh níos airde a bhíonn le híoc as ragobair a sheachaint. De rogha air sin, d'fhéadfaí a iarraidh ar oibrithe am a ghlacadh saor anois agus uaireanta níos faide a oibriú amach anseo, nuair a bheidh éileamh ar tháirgí an ghnólachta arís.

D'fhonn dífhostú a sheachaint i rith an chúlaithe gheilleagraigh reatha (nuair nach bhfuil sé indéanta teidlíochtaí saoire nó ragoibre a úsáid) chinn go leor cuideachtaí san Eoraip uaireanta oibre níos giorra a thabhairt dá bhfostaithe nó iad a dhífhostú go sealadach. I gcás fostaithe, tugann sé seo gealltanas sealadach d'fhostaithe nach gcaillfidh siad a post mar thoradh ar iomarcaíocht, fiú amháin más é a bhíonn mar thoradh ar uaireanta oibre laghdaithe ná laghdú pá. I gcás fostóirí, cuireann sé lena solúbthacht inmheánach trí chostais saothair a laghdú agus ag an am céanna rochtain ar shaothar, ar scileanna agus ar inniúlachtaí a choinneáil don todhchaí.

I Márta 2009, ghlac oibrithe ag an déantóir feithiclí tráchtála sa tSualainn Scania le dífhostaíochtaí sealadacha mar gur tugadh gealltanas dóibh go mbeadh obair ar fáil dóibh arís le haghaidh na sé mhí i ndiaidh an chomhaontaithe. Chomh maith leis sin, d'áirigh an comhaontú laghdú 20% ar uaireanta oibre agus laghdú 10% ar phá, laghdú ar phá saoire agus cosc ar mhéadú pá i rith na bliana.

**1,6 milliún**

duine a fuair rochtain ar láithreán gréasáin Eurofound anuraidh

Is cosúil gur cuireadh tús le hobair ghearr-ama nó dífhostaíochtaí sealadacha i mí Eanáir 2009, agus arís idir Aibreán – Bealtaine 2009. Tríd is tríd, mheas cuideachtaí gur beart sealadach a bhí ann, a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm ar feadh cúpla seachtain nó cúpla mí. Chuir roinnt cuideachtaí leis an tréimhse i gceist níos faide anonn. Mheas cuideachtaí eile, áfach, nach raibh gá leis an laghdú a bhí beartaithe ar uaireanta oibre: bhain Skoda i bPoblacht na Seice, mar shampla, tairbhe as an méadú ar éileamh mar gheall ar an scéim traipisithe gluaisteán a cuireadh i bhfeidhm sa Ghearmáin.

D’aimsigh suirbhé náisiúnta a rinneadh sa Ghearmáin ag deireadh 2009, in ainneoin gur chuir an cúlú geilleagrach isteach ar fhormhór na gcuideachtaí, nach raibh comhaltaí foirne ligthe chun bealaigh ach i líon beag cuideachtaí. Ba iad cuntais uaireanta oibre an beart ba choitianta a úsáideadh chun uaireanta oibre a laghdú go héifeachtach agus cabhrú le cuideachtaí déileáil leis an laghdú ar éileamh; ar an iomlán, d’úsáid 30% de chuideachtaí sa Ghearmáin cuntais uaireanta oibre i bhfoirm uaireanta laghdaithe a sábháladh i gcuntais aonair nó i bhfoirm creidiúintí uaireanta oibre, creidiúintí a mbeidh sé riachtanach iad a oibriú arís nuair a thagann an gnó chuige féin. An dara beart ba choitianta ba ea obair ghearr-ama, bhain 20% de chuideachtaí tairbhe as seo.

Chuir cuideachtaí eile – i réimsí seirbhísí cosúil le baincéireacht nó comhairleoireacht gnó tús le laghdú níos fadtréimhsí in uaireanta oibre i bhfoirm sos gairme nó saoire shabóideach. Chuir an grúpa airgeadais BBVA, mar shampla, tús le sraith beart cost-chiorraithe i mBealtaine 2009 (a raibh sé d’aidhm bhreise leo freisin cabhrú le fostaithe réiteach a dhéanamh idir saol oibre agus saol an teaghlaigh, agus ar an tslí sin, níos mó solúbthachta a thabhairt dóibh). I measc na mbeart sin bhí an rogha idir trí agus cúig bliana saoire a ghlacadh le díriú ar thionscadail phearsanta nó ghairmiúla, trí ghlacadh le thart ar 30% dá dtuarastal bliantúil móide sochair sláinte, mar aon le gealltanas go mbeadh post acu ag deireadh na tréimhse sin.

## AG TABHAIRT AGHAIDH AR AN NGÉARCHÉIM FHOSTAÍOCHTA

I bhfianaise rátaí arda dífhostaíochta, tá go leor iarrachtaí déanta ag Ballstáit daoine dífhostaithe a thabhairt ar ais sa mhargadh fostaíochta an athuair. Bealach amháin chun é seo a dhéanamh is ea seirbhísí meaitseála post, comhairleoireacht agus gairmthreoir a sholáthar.

Tá iarrachtaí déanta ag roinnt Ballstát a seirbhísí fostaíochta poiblí a oiriúnú d’fhonn déileáil leis an éileamh méadaithe atá le tabhairt faoi deara de dheasca na gcaillteanas post a tugadh faoi deara i rith an chúlaithe gheilleagraigh. I measc na n-iarrachtaí seo d’fhéadfaí breis foirne a cheapadh d’fhonn déileáil leis an éileamh, athoiliúint a chur ar an bhfoireann reatha, cur leis an tréimhse ama comhairleoireachta nó é a nascadh le soláthraithe seirbhíse eile sa mhargadh fostaíochta.

### Ag tógáil an chealg ó athstruchtúrú

Bíonn tionchar ollmhór ag athstruchtúrú, de thoradh géarchéim airgeadais nó cónasc corparáideach, ar oibrithe aonair agus d’fhéadfadh go mbeadh éifeachtaí suntasacha ag a leithéid ar gheilleagar an réigiúin áitiúil freisin. Ar fud na hEorpa, áfach, tá iarrachtaí suntasacha déanta ag go leor fiontar – i gcomhar le hionadaithe oibrithe agus údaráis phoiblí go minic – éifeachtaí caillteanas post a laghdú. I measc na n-iarrachtaí seo d’fhéadfaí cabhrú le hoibrithe athoiliúint a fháil nó poist nua a fháil, mar aon le dul i gcomhairle leo i ndáil leis an tslí is fearr chun spriocanna fadtréimhseacha a chur i gcrích. I rith 2009, d’fhéach Eurofound go mion ar roinnt cásanna d’athstruchtúrú cuideachta d’fhonn anailís a dhéanamh ar a bhfuil i gceist le dea-chleachtas athstruchtúraithe – cibé ar bhain sé leis an gcúlú geilleagrach reatha nó nár bhain. Aimsíodh gur príomhghné in éifeachtaí caillteanas post a laghdú é comhairleoireacht. Sna samplaí cáis is fearr, áirítear comhairleoireacht chomhoibritheach i nósanna imeachta oibriúcháin na cuideachta agus tarlaíonn a leithéid go leanúnach – fiú amháin nuair nach mbíonn athstruchtúrú i gceist.

D’aimsigh staidéar eile go bhfuil ról tábhachtach ag comhpháirtíocht shóisialta in iarmhairtí diúltacha athstruchtúraithe a mhaolú. Sa tSualainn agus sa Bheilg, tá comhlachtaí comhpháirtithe sóisialta cruthaithe chun ionchais oibrithe a chaill a bpost de bharr na hiomarcaíochta a fheabhsú agus cabhrú leo poist nua, ar ardchaighdeán a aimsiú dóibh féin. Le

 © An Foras Eorpach chun Dálaí Oibre agus Maireachtála a Fheabhsú, 2010

deich mbliana anuas, thacaigh Comhairle na Sualainne um Thacaíocht agus Chomhairle Iomarcaíochta (TRR) le beagnach 160,000 fostaí bóna bháin i 20,000 cuideachta cleamhnaithe fostaíocht a aimsiú nó tabhairt faoi ghairmeacha nua. Ina theannta sin, tá sé mar aidhm leis an scéim a chinntiú go bhfaigheann an rannpháirtí suas le 70% den tuarastal a bhí á fháil aige/aici roimhe sin. Glactar leis an gcomhoibriú seo idir ceardchumainn agus eagraíochtaí fostóirí mar phríomhfhachtóir a chabhraigh le poist nua a aimsiú do chliaint go dtí seo, agus tá rátaí ratha idir 60% agus 70% luaite leis seo. Ina theannta sin, is próiseas fadálach atá i gceist, d'fhéadfadh an caidreamh a bheadh ag an gcliant leis an ionad oiliúna maireachtáil go ceann cúig bliana. Sa Bheilg, tá ag éirí chomh maith céanna le 'haonaid ath-chomhshó' agus atá le scéimeanna TRR sa tSualainn. Is cumann trípháirteach an aonaid – ar a bhfuil ionadaithe ó na ceardchumainn, fostóirí agus ón tseirbhís fostaíochta phoiblí, atá i mbun an bhuiséad a bhainistiú.

Tá ról difriúil ag struchtúr na gcomhpháirtithe sóisialta sa Spáinn agus san Iodáil, mar a mbíonn sé mar aidhm leo athrú a thuar sula dtarlaíonn athstruchtúrú cuideachta agus iomarcaíochtaí; níl aon sampla ann, áfach, de scéimeanna a bhfuil sé mar aidhm leo caillteanas post a laghdú, agus déileáil go héifeachtach lena leithéid.

Féach Cás-staidéir ERM: Deachleachtas in athstruchtúrú cuideachta [*ERM case studies: Good practice in company restructuring*] agus Cás-staidéir EMCC - Struchtúir agus athstruchtúrú comhpháirtithe sóisialta: Comparáid idir cur chúigí náisiúnta [EMCC case studies – *Joint social partner structures and restructuring: Comparing national approaches*]

Tá tús curtha ag roinnt Ballstát le dreasachtaí (nó leathnú scóip na gclár reatha) do chuideachtaí chun deis a thabhairt dóibh breis post a chruthú, trí chead a thabhairt d'fhostóirí tairbhe a bhaint as costais saothair neamhthuarastail laghdaithe (mar a shonraítear thuas) nó trí fhóirdheontais tuarastail a thabhairt dóibh le haghaidh foireann nua. Ciallaíonn sé seo gur féidir cabhrú le daoine dífhostaithe filleadh ar an margadh fostaíochta, agus ag an am céanna beidh na hacmhainní pearsanra riachtanacha ag cuideachtaí feidhmiú go héifeachtach nuair a thagann an geilleagar chuige féin arís.

### Ar bhonn níos fadtéarmaí - ag plúchadh tionchar na dífhostaíochta

Is léir ó na cúluithe geilleagracha a tharla roimhe seo go mbíonn cuid mhaith ama i gceist idir laghdú ar aschur agus laghdú ar fhostaíocht; dá thoradh sin, féadfar a bheith ag súil go dtiocfaidh tuilleadh meatha ar fhostaíocht, as seo go ceann ceithre nó cúig bliana. Is léir, dá réir sin, nach mór tacaíocht an phobail i ndáil le fostaíocht a chothú agus a chruthú a choimeád i rith an chobhsaithe gheilleagraigh. Tá na scéimeanna atá ag a lán Ballstát chun tacaíocht airgeadais a thabhairt do dhaoine dífhostaithe leasaithe d'fhonn freagairt do na himthosca reatha: na critéir cháilitheachta a bhaineann le teidlíocht le haghaidh sochair dífhostaíochta mar shampla. I measc na gcineálacha tacaíochta a cuireadh ar fáil bhí sochair linbh, liúntais chóiríochta agus liúntais do mhic léinn le cabhrú leo siúd nach raibh páirteach sa mhargadh fostaíochta níos mó mar gheall ar an gcúlú geilleagrach. Dúshlán suntasach a bheidh le sárú ag go leor Ballstát é, áfach, cothromaíocht chuí a bhaint amach idir tacú le daoine aonair agus le cuideachtaí agus an brú atá ar bhuiséad an stáit.

**152 443**

foilseán clóite scaipthe, le go leor eile á fhoilsiú ar bhonn leictreonaigh

### Breisoiliúint do chor chun feabhais sa todhchaí - tacaíocht oiliúna i mBallstáit

Le linn an chúlaithe gheilleagraigh thacaigh roinnt rialtas le bearta oiliúna cuideachta atá dírithe ar fhostaithe, d'fhonn cuideachtaí a spreagadh chun gníomhaíochtaí breise oiliúna a chur i gcrích. Is i bhfoirm comhairle agus comhairleoireacht a tugadh an tacaíocht seo, comhairle agus comhairleoireacht dírithe ar oiliúint inmheánach a bhainistiú nó an soláthraí seachtrach is feiliúnaí a aimsiú. Sa Ríocht Aontaithe, mar shampla, is seirbhís de chuid an rialtais é an clár 'Train to Gain' a thairiscíonn comhairle maidir le leibhéil scileanna fostaithe a fheabhsú, clár ar féidir le cuideachtaí móra agus beaga ó earnáil ar bith a bheith páirteach ann. Ó Eanáir 2009 i leith, cuireadh leis an tionscnamh seo chun oiliúint ghearrthéarmach sna réimsí sin a chruthaíonn torthaí tapa do ghnó a chur san áireamh, dála bainistiú sreabhadh airgid agus teicnící chun an gnó a fheabhsú. I roinnt cásanna, tá nasc cruthaithe idir tacaíocht phoiblí d'oiliúint agus d'obair ghearr-ama. San Ostair, i bPoblacht na Seice, sa Ghearmáin agus sa Pholainn, faigheann fostóirí fóirdheontas oiliúna – a chumhdaíonn idir 25% agus 80% den chostas – má thairgeann siad cúrsaí oiliúna d'fhostaithe i rith uaireanta nach n-oibrítear i rith socraithe oibre gearr-ama. I measc na mbeart tacaíochta eile a shonraítear tá comhairle agus comhairleoireacht a sholáthar nach mbeadh ar fáil go hiondúil ach do dhaoine dífhostaithe, nó trí thacaíocht airgeadais a sholáthar i ndáil le costais oiliúna nó phearsana.

Tá bearta spriocdhírithe riachtanach d'fhonn infheistíocht in oiliúint a chothú nó a mhéadú: léiríonn suirbhé a rinneadh sa Ríocht Aontaithe, mar shampla, gur laghdaigh 44% de chuideachtaí infheistíocht in oiliúint de thoradh na géarchéime. Mar fhreagairt ar an mbaol a bhain le déileáil le heaspa maoinithe, tá cistí leagtha ar leataobh ag rialtas na Ríochta Aontaithe d'fhonn a chinntiú gur féidir le gach duine faoi 25 bliain d'aois oiliúint nó socrúchán oibre fóirdheontais a fháil más amhlaidh go raibh siad dífhostaithe ar feadh bliana.

Tá tuilleadh eolais le fáil in Athstruchtúrú sa chúlú – Tuarascáil ERM 2009, Báigh nó snámh – cúlú agus téarnamh san Eoraip [*Sink or swim – recession and recovery in Europe*] agus Comhphlé Sóisialta agus an cúlú [*Social dialogue and the recession*].

## COMHPHLÉ SÓISIALTA LE LINN AN CHÚLAITHE

### Ag comhoibriú tríd an ngéarchéim

Is léir éifeacht mheasctha a bheith ag an gcúlú geilleagrach ar chomhphlé sóisialta; in a lán cásanna – i láthair na huaire ar a laghad – tugadh comhpháirtithe sóisialta le chéile d'fhonn freagairtí pragmatacha, láithreacha a chinntiú. I mBallstáit eile, áfach, go háirithe na Ballstáit sin atá ag iarraidh bearta déine a chur i bhfeidhm i bhfianaise easnamh náisiúnta buiséid, bhí teannas idir an rialtas náisiúnta agus go háirithe ceardchumainn san earnáil phoiblí mar bhonn le coinbhleacht.

Mar a léirítear thuas, in a lán cásanna bhrath na scéimeanna éagsúla chun uaireanta oibre a laghdú ar chomhaontuithe a bhaint amach idir fostóirí agus ceardchumainn, léirigh taighde Eurofound ar chaidreamh tionsclaíoch i 2009 roinnt samplaí éagsúla de lamháltais idirbheartaithe idir comhpháirtithe sóisialta.

Mar shampla, ar 26 Bealtaine 2009, shínigh Grúpa Schaeffler, IG Metall agus comhairle na n-oibrithe grúpa comhaontú a shonraigh comhaontú bunaithe ar chostais fostaíochta a laghdú mar mhalairt ar ghealltanais shealadacha de shlándáil poist, rud a chinnteodh nach mbeadh iomarcaíochtaí ar bith sa chuideachta go dtí 30 Meitheamh 2010, ar an gcoinníoll go mbaintear amach an laghdú i gcostais fostaíochta trí shraith comhaontaithe beart lena n-áirítear laghdú ar uaireanta

 © An Foras Eorpach chun Dálaí Oibre agus Maireachtála a Fheabhsú, 2010

oibre agus leasú ar thuarastail agus ar phá, mar aon le níos mó úsáide a bhaint as obair ghearr-ama. Bunaithe ar eolas atá le fáil ón mbainistíocht, bhí 220,000 post i mbaol ach tá siad sábháilte anois – sa ghearrthéarma ar a laghad.

San earnáil déantúsaíochta sa tSualainn, áit a raibh sé riachtanach déileáil leis an dúshlán suntasach a chruthaigh an cúlú geilleagrach, tháinig Comhaontas na nGaibhneoirí (IF Metall) agus eagraíochtaí fostóirí ar chomhaontú i Márta 2009 uaireanta oibre a laghdú. Faoin gcomhaontú, laghdaítear tuarastail a chomhoiread; ach faigheann oibrithe 80%, ar a laghad, dá ngnáthphá. Cinntíonn comhaontuithe áitiúla go nglacann oibrithe páirt in oiliúint gan phá d'fhonn cur lena gcuid infhostaitheachta agus lena scileanna. Ag tús an fhómhair i 2009, bhí thart ar 500 comhaontú áitiúil sínithe, a chlúdaigh thart ar 70,000 oibrí go dtí seo ach táthar ag súil go mbeidh níos mó oibrithe fós san áireamh freisin.

**135 276**

cáipéis íoslódáilte ó láithreán gréasáin Eurofound (méadú nach mór 28,000 ó 2008)

## COMHOIBRIÚ TRÍPHÁIRTEACH

In a lán tíortha, d'oibrigh comhpháirtithe sóisialta agus rialtais náisiúnta i gcomhar lena chéile ar bhonn trípháirteach d'fhonn bearta a dhréachtú atá dírithe ar éifeachtaí an chúlaithe gheilleagraigh a mhaolú. Moladh i gcomhaontú trípháirteach san Eastóin, a cuireadh i dtoll a chéile i Márta 2009, bearta éagsúla i réimsí cosúil le foghlaim ar feadh an tsaoil, leas sóisialta agus modhanna solúbtha oibre – obair pháirtaimseartha a dhéanamh i gcomhar le foghlaim ar feadh an tsaoil, agus go leor den soláthar seirbhíse a bhí dírithe ar leas sóisialta agus ar chuardach post a athrú go cainéil leictreonacha, ar mhaithe leis an tseirbhís a fheabhsú.

### Margáil lamháltais - bhur dtuarastail nó bhur bpoist

Agus go leor cuideachtaí faoi bhrú costais a laghdú go suntasach, tá cinneadh le déanamh anois ag ionadaithe fostaithe agus ceardchumainn comhaontú ar théarmaí fostaíochta nach bhfuil chomh fabhrach céanna d'fhonn cabhrú le laghdú costas, nó glacadh leis an mbaol go mbeidh sé riachtanach cuid den fhoireann a ligean chun siúil, nó an gnó a athlonnú nó an gnó a dhúnadh fiú. Is gnách go n-áiríonn 'margáil lamháltais' den chineál sin ionadaithe fostaithe ag comhaontú ar chiorruithe pá nó ar reo tuarastal. D'fhéadfadh ionadaithe fostaithe comhaontú ar rolladh siar eile cosúil le huaireanta oibre níos faide – gan ardú pá bheith ag dul leo – mar mhalairt ar ghealltanas fostaíochta de chineál éigin ón mbainistíocht. Mar shampla, chomhaontaigh an ceardchumann DATE san fhochomhlacht Dúitseach den chuideachta dhomhanda seachadta poist TNT ar chiorruithe tuarastail suas le 15% mar mhalairt ar ghealltanas fostaíochta, a chiallaíonn nach mbeidh duine á bhriseadh as a p(h)ost as seo go ceann trí bliana. Ba é an t-aon rogha eile a bhí ann, dar leis na ceardchumainn, 11,000 post a chur i mbaol i margadh atá fíor-iomaíoch.

Ní i gcónaí, áfach, a bhíonn ceardchumainn sásta leis na réitigh a bhíonn mar thoradh ar sholúbthacht níos fearr d'fhonn slándáil post a chinntiú. Ceadaíodh reo pá ag monarcha gluaisteán SEAT in Martorell sa Spáinn i Márta 2009 i ndiaidh idirbheartaíochtaí fadálacha chun díospóidí idir na páirtithe i gceist a réiteach. Chomhaontaigh an lucht bainistíochta agus comhairle na n-oibrithe sa déantóir gluaisteán Daimler sa Ghearmáin ar phacáiste costchiorraithe níos suntasaí in Aibreán, pacáiste a mheastar a shábhálfaidh thart ar €2 bhilliún. Tá na gealltanais phost atá á dtairiscint ag Daimler, áfach, cáinte ag baill áirithe de chomhairle na n-oibrithe as na srianta atá ag gabháil leo.

Cé go bhféadfadh margáil lamháltais cabhrú chun fostaíocht a chinntiú i dtréimhsí dúshlánacha, ní éiríonn lena leithéid, dar le hionadaithe na bhfostaithe, ach más i bhfoirm straitéis ghearrthréimhseach a bhíonn sé á chur i bhfeidhm. Dá dheasca seo, baineann lamháltais an bonn de phríomhchuspóir na gceardchumann - is é sin coinníollacha fostaíochta a fheabhsú. Ionas go n-oibreoidh margáil lamháltais ar mhaithe leis na fostaithe, ní mór lamháltais a chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach agus iad a bhunú ar réamhchoinníollacha sonracha.

I Meitheamh 2009 sa Pholainn, ghlac an rialtas le pacáiste beart frith-ghéarchéime a chuir na comhpháirtithe sóisialta chun cinn, bearta a ceadaíodh i bhfoirm de dhá dhréacht dlí. Breathnaíodh ar an bpacáiste mar athbheochan ar chomhphlé sóisialta, pacáiste ina bhfuil 13 beart, lena n-áirítear an pá íosta a ardú, fostaíocht a chur chun cinn mar mhalairt ar dhífhostú agus sochair leasa shóisialta a mhéadú d'oibrithe a raibh post caillte acu.

Mar chuid den phlean chun geilleagar na tíre a athsheoladh agus cumhacht ceannaigh oibrithe a chothú, sa Bheilg, chomhaontaigh na comhpháirtithe sóisialta an rud ar a dtugtar 'seiceanna glasa' a thabhairt d'fhostaithe: is féidir iad seo a úsáid chun earraí tomhaltais neamhdhíobhálach don chomhshaol a cheannach. Chomhaontaigh an comhaontú idirearnálach trípháirteach, mar chuid den tionscnamh céanna, an luach a bhaineann leis na dearbháin lóin, dearbháin a bhfuil an-tóir orthu, a bhailiú. I bhfianaise méadú a bheith tagtha ar rátaí dífhostaíochta sa Spáinn, chinn an Rialtas fóirdheontais a mhéadú agus pacáiste beart a bhunú chun fostaíocht a chur chun cinn sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha, lena n-áirítear infheistíochtaí poiblí in infreastruchtúr agus i dtógáil a mhéadú.

## TAOBH EILE AN BHOINN - TRIOBLÓID SA CHAIDREAMH TIONSCLAÍOCH

Is eisceacht den chuid is mó é gníomhaíocht thionsclaíoch comhordaithe i rith géarchéime. D'fhéadfadh sé seo léargas a thabhairt ar cé chomh dáiríre is atá cúrsaí geilleagracha, rud a chur ina luí ar chomhpháirtithe sóisialta go mbaineann fíorthábhacht le hoiriúnú agus le solúbthacht. Tá gach seans go gciallaíonn teip gnólachtaí móra, aitheanta cosúil le General Motors (go hidirnáisiúnta) agus an miondíoltóir Woolworths (sa Ríocht Aontaithe agus sa Ghearmáin) – agus an méadú sa ráta dífhostaíochta ina dhiaidh sin – go mbeidh fonn ar cheardchumainn dul i dtreo na hidirbheartaíochta agus iad ag déileáil le tograí athstruchtúraithe.

Cé gur léirigh an ghéarchéim comhoibriú suntasach idir ceardchumainn, eagraíochtaí fostóirí agus rialtais náisiúnta, ba é an ghéarchéim gheilleagrach, agus tionchar na gciorruithe a cuireadh i bhfeidhm d'fhonn déileáil leis na deacrachtaí éagsúla ba chúis le hagóidí, gníomhaíocht thionsclaíoch agus i gcásanna áirithe, teip ar chomhphlé sóisialta.

I dtíortha áirithe, chuir ceardchumainn i gcoinne beart an rialtais le déileáil leis an ngéarchéim. In Eanáir 2009 sa Liotuáin, d'eagraigh ceardchumainn léirsiú agóide náisiúnta i gcoinne beartas rialtais. A dhála sin sa Fhrainc, ghairm na príomheagraíochtaí ceardchumainn stailc agóide sa mhí chéanna i gcoinne fhreagra an rialtais don ghéarchéim.

Tharraing stailc ghinearálta san Iodáil in Aibreáin – gairthe ag Cónaidhm Ghinearálta na nOibrithe Iodálacha (CGIL) chun agóid a dhéanamh i gcoinne neamhábaltachta an rialtais déileáil leis an ngéarchéim gheilleagrach – aird ar an teannas atá idir na ceardchumainn, de bhrí go raibh CGIL i gcoinne an chomhaontaithe a shroich an rialtas leis na comhpháirtithe sóisialta eile i ndáil leis an gcóras cómhargála a leasú.

Sa Ghréig, tharraing stailc ghinearálta aird ar an staid meathlaithe gheilleagrach sa tír i mí Aibreáin, bhí na ceardchumainn i mbun agóide i gcoinne bheartas sriantach fioscach rialtas na Gréige. I nDeireadh Fómhair, sheol ceardchumainn san earnáil phoiblí stailc lae mar gheall ar bhille nua pá na hearnála poiblí.

I mBealtaine, d'eagraigh seacht gceardchumann i Lucsamburg léiriú mór ag gairm ar ghealltanais maidir le fostaíocht a fháil, agus dochar ar bith do chóras leas sóisialta Lucsamburg a sheachaint.

Sa Liotuáin, sheol comhlachas náisiúnta na gceardchumann stailc ocrais in Iúil ag agóid i gcoinne gearradh pá i measc fostaithe san earnáil phoiblí a raibh drochphá á fháil acu cheana féin; leanadh leis na hagóidí i nDeireadh Fómhair.

 © An Foras Eorpach chun Dálaí Oibre agus Maireachtála a Fheabhsú, 2010

I samhradh 2009, measadh deireadh oifigiúil a bheith tagtha le comhphlé sóisialta sa Spáinn, in ainneoin comhráiteas a léirigh tuiscint ar an ngéarchéim a bhí os comhair gheilleagar na Spáinne agus an tábhacht a mheas comhpháirtithe sóisialta agus an rialtas a bheith lena leithéid. Léirigh na páirithe ar fad go raibh siad tiomanta don chreat de chomhphlé sóisialta a raibh sé mar aidhm leis gníomhú ar mhaithe le tacú le téarnamh geilleagrach. Dhiúltaigh rialtais agus ceardchumainn do na príomhbhearta a chuir ionadaithe fostóirí chun cinn – laghdú ar ranníocaíochtaí leas sóisialta fostóirí, agus iarrachtaí druidim i dtreo conarthaí fostaíochta níos solúbtha.

San Eastóin, i nDeireadh Fómhair, chuaigh dhá cheardchumann a bhí ag déanamh ionadaíochta ar oibrithe cúraim sláinte i gcoinne pleananna rialtais caiteachas ar chúram sláinte a ghearradh, ag rá go mbeadh laghdú ar bith ar thuarastail mar bhonn le hoibrithe cúraim sláinte ag dul ar imirce.

I Nollaig 2009, measadh córas 22 bliain d’aois de chomhpháirtíocht shóisialta na hÉireann a bheith tite óna chéile i ndiaidh don Rialtas a fhógairt gur theip ar chainteanna le ceardchumainn na hearnála poiblí comhaontú ar mhodh chun laghdú €1 billiún a bhaint amach sa bhille íocaíochta poiblí.

## Cuideachtaí ilnáisiúnta agus cómhargáil

I 2009, rinne Eurofound scrúdú ar an ról atá ag cuideachtaí ilnáisiúnta (CIN) i gcómhargáil. Ó tharla gur príomhfhostóirí iad, baineann fíorthábhacht le cleachtais CIN chun tuiscint a fháil ar fhorbairt na gcóras éagsúil cómhargála atá i bhfeidhm ar fud na hEorpa: baineann tábhacht leo i ndáil le córais chómhargála náisiúnta a athrú – lena n-áirítear níos mó scóipe a lorg i ndáil le hidirbheartaíocht ar leibhéal cuideachta agus níos mó béime a leagan ar iomaíochas sa chlár oibre cómhargála. Ina theannta sin, tá impleachtaí ag a struchtúir eagraíochtúla agus bhainistíochta – mar aon lena gcumas poist a athrú thar theorainneacha éagsúla – ar struchtúr, ar chlár oibre agus ar thorthaí na cómhargála. Lena chois sin, is gnách go mbíonn CIN mar bhonn le comhaontuithe (comhaontuithe cuideachta go hiondúil) a chuireann tús le scéimeanna pá éagsúla agus socruithe uaireanta oibre níos solúbtha. In idirbheartaíochtaí áitiúla i measc fostóirí aonair san earnáil déantúsaíochta, baineann CIN go leor úsáide as comparáidí trasteorann idir costais agus feidhmíocht (oibríochtaí ar ísealchostas in oirthear na hEorpa agus san Áise go háirithe) in idirbheartaíochtaí – san earnáil déantúsaíochta go háirithe. In ainneoin baol a bheith ag baint le hathlonnú, is féidir bearta sábhála costas agus spreagtha solúbthachta a bhabhtáil ar mhaithe le gealltanas leanúint le táirgeadh agus le fostaíocht a chruthú; de réir a chéile, tá níos mó béime á leagan ag idirbheartaíochtaí ar athstruchtúrú trasnáisiúnta, i bhfianaise imní faoi na hathlonnuithe seo.

Chomh maith leis sin, pléitear sa tuarascáil ina ndéantar cur síos ar thorthaí an taighde an tábhacht a bhaineann le meicníochtaí trasnáisiúnta idirbheartaíochta a fhorbairt, má táthar chun ról lárnach a thabhairt do chómhargáil sa mhargadh fostaíochta. Le haghaidh a thuilleadh faisnéise, féach ar an tuarascáil iomlán *Cuideachtaí ilnáisiúnta agus cómhargáil* [*Multinational companies and collective bargaining*].

# 3 CONAS A BHÍ SÉ DUITSE?

## Dálaí oibre i 2008-2009

Laghdaíodh uaireanta oibre do mhórán oibrithe le linn 2008 agus 2009, ach le ciorruithe pá de bharr laghdú ar éileamh tionsclaíoch. Tháinig moilliú mór ar threochtaí ardaithe pá – iad suntasach i roinnt tíortha – agus freaschuireadh iad i roinnt cásanna faoi mar a chuir costais mhaireachtála mhéadaitheacha agus reo pá - nó ciorrú iomlán - isteach ar chumhacht ceannaigh oibrithe. Leag taighde de chuid Eurofound béim freisin ar na míbhuntáistí leanúnacha os comhair mórán oibrithe a bhfuil easpa scileanna acu, a oibríonn i bpostanna neamhdhearbhaithe agus nach náisiúnaigh iad sa tír ina n-oibríonn siad – rátaí pá níos ísle, dealraitheacht oibre neamhbhuana níos mó agus dálaí oibre níos measa go ginearálta.

### UAIREANTA OIBRE

Áirítear i sainordú de chuid Eurofound scrúdú a dhéanamh ar dhálaí oibre trasna na hEorpa, réimse ina nochtann forbairtí le linn 2008 agus 2009 tionchar an chúlaithe gheilleagraigh chomh maith. Ó 2003 ar aghaidh, tá EIRO ag cur athbhreithnithe bliantúil le chéile d’fhorbairtí a comhaontaíodh in uaireanta oibre trasna na hEorpa. Féachann gach foilseachán bliantúil siar ar an mbliain a tháinig roimhe. D’aimsigh Forbairtí Uaireanta Oibre - 2008 [Working time developments – 2008], foilsithe i lár 2009, gur tháinig athrú ar phátrún na bhforbairtí in uaireanta oibre le linn 2008. Sna deich mbliana roimhe sin san AE15, bhí laghdú tagtha ar an tseachtain oibre, le meán-uaireanta seachtainiúla comhaontaithe ag titim ó 38.6 uair go 37.9 uair. Bhí an pátrún céanna sa BSN; ní raibh an laghdú céanna i gceist áfach, ó 39.6 uair in aghaidh na seachtaine go 39.4 idir 2003 agus 2008. Tógadh faoi deara nár bhain aon chaillteanas pá le laghdú na seachtaine oibre seo. I dtreo deireadh 2008, áfach, ba thráthúil a bhí laghduithe ar uaireanta oibre, le ciorrú pá dá bharr, faoi mar a chuaigh an ghéarchéim gheilleagrach in olcas: laghduithe forfheidhmithe ar uaireanta oibre agus – de ghnáth – méadú ar phá i bhfoirm obair ghearr-ama agus leagan as foirne sealadach faoi mar a d’iarr cuideachtaí dul i ngleic le laghdú ar éileamh.

D’aimsigh athbhreithniú bliantúil ar fhorbairtí uaireanta oibre freisin gur léirigh fad na seachtaine oibre deighilt soiléir idir an AE15 agus an BSN12: ní raibh seachtainí oibre níos faide ná meán an AE27 ach ag trí cinn den AE15, cé gur oibrigh oibrithe i 10 gcinn de na 12 Ballstát nua seachtainí a bhí níos faide ná meán an AE27. Bhí an tseachtain oibre is faide sa Rómáin, áit inar oibrigh fostaithe lánaimseartha 41.8 uair in aghaidh na seachtaine ar an meán; i gcomparáid leis sin, d’oibrigh na hoibrithe coibhéiseacha sa Fhrainc ar feadh 38.4 uaire.


#### Imscrúdaíonn ECS uaireanta oibre

Sa chéad cheathrú de 2009, rinneadh obair allamuigh don dara Suirbhé Cuideachta na hEorpa (ECS 2009) de chuid Eurofound. Cé gur cuireadh na chéad torthaí ar fáil ag deireadh na bliana 2009, ní dhéantar plé ar na conclúidí sa Bhliainiris seo, toisc nár cuireadh formhór na dtorthaí ar fáil go dtí 2010 – sa tuarascáil fhorbhreathnaithe agus san anailís tánaisteach araon. Cuireann conclúidí an tsuirbhé bhunaíochta uile-Eorpaigh eolas ar fáil maidir le huaireanta oibre agus straitéisí solúbthachta, scéimeanna pá éagsúla agus rannpháirtíochta airgeadais, cleachtais chomhphlé sóisialta agus acmhainní daonna i gcuideachtaí Eorpacha. Cuireadh bainisteoirí acmhainní daonna agus – nuair a bhí siad ar fáil – ionadaithe d’fhostaithe faoi agallamh i níos mó ná 27,000 foras i 30 tír: 27 Ballstát an AE, an Chróit, an Tuirc agus Iar-Phoblacht Iúgslavach na Macadóine.


© An Foras Eorpach chun Dálaí Oibre agus Maireachtála a Fheabhsú, 2010

Tháinig na difríochtaí is mó chun cinn maidir le saoire bhliantúil le pá: bhí na cúinsí is fearr sa tSualainn le 33 lá in aghaidh na bliana. I gcomparáid leis sin, ní raibh ach 20 lá ag oibrithe san Eastóin. Arís, bhí deighilt soiléir idir Ballstáit 'sean-nua' le feiceáil.

Figiúr 4: *Meánlíon na n-uaireanta oibre seachtainiúla iarbhír i bpríomhphost na bhfostaithe lánaimseartha, 2008*





Tabhair do d'aire: Sonraí comhchuibhithe Eurostat atá san áireamh san fhigiúr thuas don mheánlíon uaireanta oibre seachtainiúla i bpríomhphost fostaithe lánaimseartha, bunaithe ar an Suirbhé ar an Margadh Fostaíochta a rinneadh don tríú ráithe de 2008. Áiríonn na huaireanta seo na huaireanta oibre ar fad, lena n-áirítear uaireanta breise, cibé a thuill íocaíocht nó nár thuill.

## PÁ

Dátaíonn clár Eurofound i leith athbhreithniúcháin bhliantúla ar fhorbairtí pá siar go 2003 freisin. Ceadaítear le hathbhreithniú bliantúil leanúnach ar fhorbairtí do chomparáid a dhéanamh freisin idir threochtaí le himeacht ama. D'aimsigh an t-athbhreithniú is déanaí, *Forbairtí Pá – 2008* [*Pay developments – 2008*], difríochtaí suntasacha i bhforbairtí pá idir 2008 agus 2007. Sa dá bhliain sin, tháinig méadú ar phá comhaontaithe meánach i dtíortha uile an AE27 (agus an Iorua, a áiríodh sa staidéar freisin). Chuaigh an t-ardú pá comhaontaithe, i bhfíor-théarmaí, ó 3.6% i 2007 go 1.3% i 2008, áfach, de bharr méaduithe géara ar an ráta boilscithe. Ina theannta sin, tharla laghduithe ar fhíor-phá i roinnt tíortha de bharr an mheáin an-íseal seo. Cé nár tharla laghduithe ar fhíor-phá ach i dtrí thír i 2007, i 2008 bhí boilsciú cothrom le nó níos mó ná an t-ardú pá ainmniúil i 10 mBallstát. Ina theannta sin, sna tíortha sin inar tháinig méadú fós fíor-phá (go háirithe sa Liotuáin, i Laitvia, sa Rómáin agus san Eastóin), bhí na harduithe i bhfad níos lú i 2008 ná mar a bhí i 2007.

© An Foras Eorpach chun Dálaí Oibre agus Maireachtála a Fheabhsú, 2010 

Figiúr 5: *Méaduithe pá comhaontaithe meánach, leasaithe i ndáil le boilsciú, 2007 agus 2008 (%)*




Foinse: *EIRO*

D'aimsigh an tuarascáil chomh maith gur chiallaigh dianseasmhacht an difreálaigh pá idir na hinscní gur thuill mná trasna na hEorpa ar an meán 16.6% níos lú ná fir i 2008, in ainneoin téarmaí soiléire, neodracha ó thaobh inscne de na gcomhaontuithe Eorpaigh. San AE15 tá an difreálach ag laghdú go seasmhach, ó os cionn 20% i 2001 go 15% i 2008. San BSN12, tá an difreálach níos mó, ag 18.6%. Cumhdaíonn na meáin seo difríochtaí an-suntasacha idir na Ballstáit aonair, áfach: bhí an difreálach pá is lú idir na hinscní san Iodáil ag thart ar 4%, ach bhí an difreálach is mó san Eastóin, ag díreach os cionn 30%. Is cosúil gurb é comhchruinniú na mban i roinnt phoist áirithe - i ngairmeacha cléireachais, agus sna hearnálacha oideachais agus sláinte - is mó is cúis leis an difreálach pá idir na hinscní. Nuair a dhéantar rialáil níos déine ar chórais ghairme, agus nuair a dhéanann comhaontuithe rialú ar roghnú agus ardú céime mar shampla, faoi mar atá san earnáil phoiblí mar shampla, is gnáth do mhná a bheith faoi mhíbhuntáiste níos lú agus bíonn dul chun cinn a gcuid gairmeacha níos cosúla le dul chun cinn na bhfear.

Is dóchúil gur cás difriúil a bheidh in athbhreithniú na bliana seo chugainn ar fhorbairtí pá bliantúla, a leagfaidh béim ar gharspriocanna pá na bliana 2009. Faoi mar a léirítear i Forbairtí caidrimh thionsclaíoch san Eoraip 2008 [*Industrial relations developments in Europe 2008*], bhí méadú ag teacht ar bhrú do reonna pá cheana féin i 2008. Shínigh na

 © An Foras Eorpach chun Dálaí Oibre agus Maireachtála a Fheabhsú, 2010

comhpháirtithe sóisialta aontú idirearnálach do 2009-2010 a dhírigh go sonrach ar aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim gheilleagrach trí, mar shampla, theorainn a chur le méaduithe ar ghlanphá bliantúil agus cumhacht ceannaigh oibrithe a chosaint trí thús a chur le fóirdheontais iompair phoiblí agus dearbháin lóin. Thosaigh fostóirí Spáinneacha ag éileamh reo pá i 2009, in éineacht le solúbthacht níos fearr do chuideachtaí i gcruachás chun diúltú a bheith páirteach in aontuithe pá. Idir an dá linn, reodh rátaí pá in earnáil phoiblí na hEastóine do 2009.

Léiríonn fianaise ó Réadlann Caidrimh Thionsclaíoch na hEorpa [European Industrial Relations Observatory] de chuid Eurofound i 2009 reonna pá suntasacha. Mar shampla, d'aimsigh suirbhé i mBealtaine do phríomheagraíocht fostóirí na hÉireann go ndearna formhór cuideachtaí cinneadh chun rátaí pá a reo. Idir an dá linn, thug taighde ón Ríocht Aontaithe a foilsíodh i mBealtaine agus i Meitheamh le fios gur tharla reo pá de thoradh ar níos mó ná aon cheathrú de bhearta pá sa Ríocht Aontaithe, fad is a chuir sé in iúl go raibh níos mó ná leath na n-oibrithe sa Ríocht Aontaithe ag déileáil le ciorrú pá nó le gearradh siar ar líon na n-uaireanta oibre, nó le caillteanas sochar ó thosach an chúlaithe gheilleagraigh. Tharla ciorruithe ar thuarastail agus sochair shóisialta go forleathan sa Laitvia, le cur i bhfeidhm ó Iúil 2009 ar aghaidh – go háirithe, ciorruithe ar phá na hearnála poiblí.

**114 milliún**

saoránach Eorpach sroichte trí chlár na meán de chuid Eurofound

### Dálaí oibre ar na himill

Is léir go bhfuil éagsúlacht ollmhór idir dhálaí oibre: is mór an difríocht a dhéanann tosca cosúil le gairm an duine agus an earnáil ina n-oibríonn siad maidir le nithe cosúil le pá, uaireanta oibre agus na deiseanna atá ann le haghaidh forbartha gairmiúla. Rinne taighde de chuid Eurofound a foilsíodh i 2009 scrúdú ar na cúinsí áirithe ina bhfuil oibrithe ar imeall an mhargaidh shaothair - go háirithe, iad siúd le leibhéil cháilíochtaí níos ísle, oibrithe nach bhfuil a n-ioncam dearbhaithe, agus oibrithe imirceacha.

## Spotsolas ar fhostaíocht sa Tuirc

Is léir go bhfuil an Tuirc i mbun aistrithe ó gheilleagar talmhaíoch go geilleagar bunaithe ar sheirbhísí, faoi mar a d'aibhsigh taighde de chuid Eurofound le linn 2009.

Le himeacht na mblianta, tá na chéad iarrthóirí eile ar bhallraíocht san AE áirithe ag Eurofound i dtéarmaí tagartha a chuid taighde mar ullmhúchán do theacht i réim na mBallstát nua. I 2009, rinne sé scrúdú ar staid an mhargaidh shaothair sa Tuirc, ag foilsiú tuarascála i mBealtaine dar teideal *Cáilíocht oibre agus fostaíochta, caidreamh tionsclaíoch agus athstruchtúrú sa Tuirc* [*Quality of work and employment, industrial relations and restructuring in Turkey*]. D'aimsigh an taighde freisin go bhfuil an geilleagar neamhfhoirmiúil fós an-tábhachtach sa Tuirc, arb ionann é agus beagnach 50% den fhostaíocht uile i 2007; ina theannta sin, ní raibh aon chosaint fostaíochta shoiléir, ná córas sochair dífhostaíochta i bhfeidhm sa Tuirc go dtí thart ar 2000. D'aimsigh an taighde chomh maith go raibh laghdú beag tagtha ar rannpháirtíocht mhná sa lucht saothair ó 2000 ar aghaidh; chomh maith leis sin, is cosúil go bhfuil oideachas níos fearr ag mná atá ag obair i gcathracha ná mar atá ar a gcuid comhpháirtithe fireanna, cé gurb é a mhalairt atá fíor i gceantair thuaithe.

© An Foras Eorpach chun Dálaí Oibre agus Maireachtála a Fheabhsú, 2010 

### *Ag neartú deiseanna d'oibrithe íseal-oilte*

I bhfianaise na mbacainní ar fhorbairt scileanna agus deiseanna atá os comhair oibrithe le bunleibhéal oideachais (níos lú ná uasleibhéal meánoideachais) i margadh an tsaothair, d'fhéadfadh comhpháirtithe sóisialta dul chun cinn a dhéanamh trí aontú a dhéanamh scileanna a gnóthaíodh trí obair seachas trí oideachas foirmiúil a bhailíochtú. Is é seo ceann de na príomhchonclúidí a tháinig as píosa taighde de chuid Eurofound a foilsíodh ag deireadh 2009 – *Oibrithe íseal-oilte san Eoraip* [*Low-qualified workers in Europe*].

Thug an tuarascáil breac-chuntas ar thrí phríomhbhealach ina bhfuil oibrithe dá leithéid faoi mhíbhuntáiste. Bíonn deacrachtaí acu i dtéarmaí post a fháil – tá a gcuid ráta dífhostaíochta níos mó ná dúbailt an ráta a bhaineann le daoine a bhfuil leibhéal oideachais níos airde acu. I 2007, bhí an ráta dífhostaíochta do dhaoine le níos lú ná uasleibhéal meánoideachais beagnach dhá uair níos mó an ráta do dhaoine le cáilíochtaí níos airde ná sin. Níl tromlach millteanach dóibh siúd le cáilíochtaí ísle nach bhfuil i bhfostaíocht, áfach, ag lorg poist: tá siad neamhghníomhach ó thaobh geilleagair de seachas a bheith dífhostaithe. Is amhlaidh nach bhfuil ach thart ar aon cheathrú de mhuintir na hEorpa idir 25 agus 49 mbliana d'aois nach raibh ag obair taifeadta mar dífhostaithe. Ina theannta sin, tá oibrithe íseal-oilte atá dífhostaithe i mbaol níos mó a bheith dífhostaithe go fadtéarmach. Cé nach bhfuil an baol seo ach beagán níos mó i bhformhór tíortha, tá sé i bhfad níos mó i roinnt acu. Sa tSlóvaic, mar shampla, bhí os cionn 90% de dhaoine dífhostaithe íseal-oilte gan obair ar feadh bliana nó níos mó i 2007.

Tá sé níos dóchúla go n-oibreodh oibrithe íseal-oilte i bpoist láimhe nó in obair ina bhfuil beagán scil ag teastáil: i 2007, bhí poist láimhe ag beagnach trí cheathrú d'fhir fostaithe íseal-oilte idir 25 agus 49 bliana. Tá sé níos dóchúla freisin go n-oibreoidh siad ar chonarthaí fostaíochta neamhchaighdeánacha, agus go mbeidh poist ar phá níos ísle acu, agus níl ach leath na dóchúlachta ann go bhfaighidh siad oiliúint i gcomparáid lena gcomhpháirtithe le cáilíochtaí níos fearr. D'aimsigh an taighde chomh maith gur fiú i dtéarmaí rochtain a fháil ar phoist ina bhfuil beagán scil ag teastáil, tá baol méadaitheach ann d'oibrithe dá leithéid go bhfuil siad in iomaíochas le daoine le leibhéil oideachais níos airde. Iarrann beartais atá ann cheana a chinntiú go bhfágann níos lú daoine an córas scoile; ach aibhsíonn an tuarascáil mar díreach chomh tábhachtach go mbeadh siad siúd le cáilíochtaí níos ísle in ann rochtain a fháil ar an margadh saothair agus fostaíocht chuibhiúil, sheasmhach a fháil; tá sé léirithe gur bealach éifeachtach amháin iad printíseachtaí chun daoine le leibhéil oideachais níos ísle a thabhairt isteach sa mhargadh saothair.

### *Ag dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe*

Díríonn reachtaíocht nua ón Ostair, a bhí le teacht i bhfeidhm i 2009, a dhéileálann le clárú fostaithe agus dliteanas na gcuideachtaí tógála ag ligean obair ar fochonradh do chuideachtaí eile, ar obair neamhdhearbhaithe a chosc sa tír, go háirithe san earnáil tógála, de bharr go raibh na bearta a bhí ann cheana neamhéifeachtach den chuid is mó i ndíspreagadh an chleachtais. Bíonn éifeacht dhíobhálach shuntasach ag obair neamhdhearbhaithe – obair atá dleathach, ach nach dtuairiscítear do na húdaráis chánach – ar airgeadas poiblí agus is mórcheist í do na 27 Ballstáit uile. Is annamh, áfach, a fhoghlaimíonn Ballstáit ó thaithí tíortha eile maidir le conas déileáil léi. Gné amháin a chuideodh le comhfhoghlaim ná 'banc eolais', atá in ann bearta a bhfuil a gcuid éifeachtacha léirithe acu a aithint; níl aon ionstraim dá leithéid ann faoi láthair, áfach. Rinne taighde de chuid Eurofound iarracht tús a chur leis an bearna seo a líonadh, ag déanamh athbhreithniú ar thionchar na mbeart a cuireadh i gcrích trasna an AE, agus ag déanamh measúnaithe ar a n-inaistritheacht go tíortha eile. Cuireadh bunachar sonraí de chás-staidéir – cosúil le sampla na hOstaire—ar fáil ar líne i 2009, in éineacht le tuarascáil ag déanamh measúnaithe ar staid reatha na mbeart náisiúnta chun meonta a athrú agus na dreasachtaí atá ann do dhífhostaíocht neamhdhearbhaithe a laghdú. Leagann an bunachar sonraí béim ar roinnt de na cineálacha cur chuigí a glacadh, lena n-áirítear bearta díspreagthacha, cur chuigí coisctheacha, beartais a iarrann obair neamhdhearbhaithe a dhlisteanú agus feachtais chun líon na ngnólachtaí agus na n-oibrithe ag cloí le rialacháin chánach a mhéadú; go deimhin, tá cuspóir foriomlán na mbeart athraithe le roinnt blianta anuas, ag aistriú ó 'mhaidí' pionósacha

 © An Foras Eorpach chun Dálaí Oibre agus Maireachtála a Fheabhsú, 2010

go ‘cairéid’ níos cumasaithe. Díríonn an tuarascáil aird ar an éagsúlacht in obair neamhdhearbhaithe ar fud an Aontais – mar shampla, maidir leis an gcineál oibre a dhéantar, na hearnálacha ina dtarlaíonn sé, agus na cúiseanna a bhaineann leis an obair a dhéanamh. Áitíonn sí, ina bhfianaise sin, go bhfuil gá bearta polasaí a chur in oiriúint do chúinsí áirithe na tíre nó an réigiúin.

Léigh an tuarascáil *Ag dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe san Aontas Eorpach* [*Tackling undeclared work in the European Union]* nó déan cuardach i mbunachar sonraí na gcásanna.

**700**

alt acadúil a rinne tagairt do thaighde Eurofound i gcaitheamh 2008-2009

### *Ardú céime gairme d’oibrithe imirceacha*

D’aimsigh taighde de chuid Eurofound, a chuid conclúidí a foilsíodh i 2009, go leithscartar oibrithe imirceacha go minic i bhfostaíocht neamhoilte, neamhbhuana agus ar phá íseal. Tá sé níos dóchúla go n-oibreoidh siad i bhfostaíocht shealadach, go mbeidh siad róch※ilithe do na poist atá acu (go páirteach de bharr easpa aitheantais dá gcuid cáilíochtaí gairmiúla ó thar lear) agus níl an dóchúlacht chéanna ann go bhfaighidh siad deiseanna oiliúna. Ina theannta sin, d’fhéadfaidís idirdhealú díreach a bhrath. Mar thoradh ar na nithe seo go léir, bíonn deiseanna níos lú acu chun bogadh ar aghaidh chuig poist níos fearr nó a ngairmeacha a chur chun cinn. Mar aitheantas air seo, tá bearta glactha ag Ballstáit agus comhpháirtithe sóisialta chun cuidiú le hinimircigh chuig tíortha Eorpacha dul chun cinn a dhéanamh sa mhargadh saothair.

Is sampla amháin í an Ostair de Bhallstáit a bhfuil iarracht déanta aige aitheantas i leith cáilíochtaí na n-inimirceach eachtrannaigh a éascú. Baineann deacrachtaí leis an gceist go háirithe d’inimircigh san Ostair, de bharr an phróisis chasta agus éilithigh de réir a n-aithnítear cáilíochtaí. Tá tús curtha le roinnt tionscnamh, a chuireann comhairle agus tacaíocht chun cinn d’oibrithe imirceacha chun aitheantas foirmiúil a bhaint amach dá ngnóthachtálacha, le cabhair ó thacaíocht Chiste Sóisialta na hEorpa. Mar shampla, tá lámhleabhar cruthaithe ag ionad comhairleoireachta le haghaidh oibrithe imirceacha a sholáthraíonn eolas soiléir maidir leis na riachtanais agus conas iad a chomhlíonadh.

Is céim ríthábhachtach í teanga na tíre óstaí a fhoghlaim chun comhtháthú níos fearr leis an margadh saothair. Tá rialtais, ENR agus cuideachtaí i mórán Ballstát tosaithe ag eagrú cúrsaí teanga mar réamhchéim i mbeartas margaidh saothair tacaíochta a chruthú d’inimircigh. Sa Danmhairg, tairgtear ranganna Danmhairgise d’imircigh – ní d’oibrithe imirceacha amháin – go ceann suas le trí bliana. Téann an Ghearmáin níos faide agus eagraíonn ‘cúrsaí comhtháthaithe’ do gach imirceach. Reáchtáilte ag soláthraithe poiblí nó leathphríobháideacha, cuireann siad seo ar chumas na n-imirceach a gcuid scileanna Gearmáinise a fheabhsú, agus áirítear ceachtanna ar stair na Gearmáine agus ar a córas polaitiúil agus dlí.

## Cad iad na foilseacháin is cáiliúla de chuid Eurofound?

**An trí fhoilseachán ceannródaíocha le híoslódáil (i bhformáid pdf) i 2009 ná:**

- **An Dara Suirbhé Eorpach ar Cháilíocht na Beatha – Forbhreathnú**
- **An Cheathrú Suirbhé ar Dhálaí Oibre na hEorpa**
- **Athbhreithniú bliantúil ar dhálaí oibre san AE 2008-2009**

## Ag imscrúdú dálaí oibre san Eoraip

Rinneadh réamhobair le linn 2009 don chúigiú Suirbhé ar Dhálaí Oibre na hEorpa (EWCS), chun ceadú d'obair allamuigh tosú go luath i 2010. Go dtí seo, tá ceithre shuirbhé ar dhálaí oibre na hEorpa curtha i gcrích ag Eurofound (1991, 1995, 2000/2001 agus 2005). Leanann teacht chun cinn an EWCS na hathruithe san AE féin le 15 bliana anuas. I 1991, níor chlúdaigh sé ach 12 tír; i 1995 bhí sé seo méadaithe go 15 agus i 2000, bhí 16 tír clúdaithe (an AE15 agus an Iorua). Leathnaíodh suirbhé na bliana 2000 i 2001 chun an 10 tír iarrthóra ar bhallraíocht san AE a chlúdach. Chlúdaigh an ceathrú suirbhé, a rinneadh i 2005, na 27 Ballstát AE uile chomh maith leis an gCróit, an Eilbhéis agus an Iorua. Clúdaíonn an cúigiú suirbhé 27 Ballstát an AE, trí thír iarrthóra an AE - an Tuirc, an Chróit agus Iar-Phoblacht Iúgslavach na Macadóine, chomh maith leis an gCosaiv, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, agus an Albáin: iomlán de 34 tír, le thart ar 43,000 oibrí curtha faoi agallamh. Cuirfear na chéad torthaí ar an gcúigiú Suirbhé ar Dhálaí Oibre na hEorpa ar fáil roimh dheireadh na bliana 2010.

Is saincheist imeallach í an easpa deiseanna d'oibrithe imirceacha sna díospóireachtaí náisiúnta, áfach, agus is tosaíocht íseal í do chinnteoirí. Tá cabhair na gceardchumann i dtacú le hoibrithe imirceacha teoranta chomh maith: i bhformhór tíortha, ní dhíríonn comhaontuithe go sonrach ar na deacrachtaí atá ag oibrithe imirceacha.

Fad is iad oiliúint agus oideachas na príomhbhealaí ina bhféadfar cuidiú le himircigh dul chun cinn a dhéanamh san ionad oibre, is minic a dhiúltaítear iad do na daoine is mó a bhfuil gá acu leo. Is minic a dhírítear oiliúint, comhairleoireacht agus tacaíocht ar oibrithe imirceacha oilte, nó ar oibrithe neamhoilte i gcuideachtaí níos ceardchumannaithe agus níos mó, a bhfuil cosaint éigin acu cheana féin. Eisiatar oibrithe imirceacha i bpoist neamhoilte in earnálacha traidisiúnta – cosúil le talmhaíocht nó tógáil - ó thionscnaimh dá leithéid.

I mionlach de thíortha, go háirithe sa Bheilg agus sa tSualainn, tá iarrachtaí córasacha déanta chun tacaíocht dlíthiúil fadréimseach a chur i bhfeidhm d'oibrithe imirceacha. I measc na mbeart tá reachtaíocht in aghaidh idirdhealú níos soiléire, mionsonraithe, pleananna éagsúlachta d'fhostóirí, uirlisí do cheardchumainn chun tús a chur le caingean dlí chun tacú le híospartaigh an idirdhealaithe, agus maoiniú do ghníomhaireachtaí a dhéanann monatóireacht ar ghearáin agus a dhéanann idirghabháil i gcoimhlintí san ionad oibre.

 © An Foras Eorpach chun Dálaí Oibre agus Maireachtála a Fheabhsú, 2010

# CÁILÍOCHT NA BEATHA 4

Ba léir ón taighde a rinne Eurofound ar cháilíocht na beatha i 2009 go raibh cúlú geilleagrach i ndán dúinn. Thug tátail suirbhé uile-Eorpach Eurofound ar cháilíocht na beatha léargas dúinn ar an tionchar pearsanta atá ag na hathruithe maicreacnamaíocha atá ag tarlú, mar aon leis an éagsúlacht bealaí maireachtála atá le sonrú ar fud an Aontais Eorpaigh agus an neamhionannas atá le brath idir Ballstáit agus laistigh de Bhallstáit. Cé go ndeachaigh imthosca eacnamaíochta pearsanta chun donais i mórán cásanna, go háirithe na daoine sin a bhí faoi mhíbhuntáiste cheana féin, is cosúil gur tharla athruithe suntasacha sa tsochaí trí chéile freisin; laghdaigh leibhéil mhuiníne, agus mhéadaigh na leibhéil de theannais idirghrúpa a measadh a bhí ann.

## AG MEASÚNÚ CÁILÍOCHT NA BEATHA

Is léir ar fud na hEorpa trí chéile difríochtaí agus cosúlachtaí suntasacha a bheith le tabhairt faoi deara idir Ballstáit. Cé go bhfuil claonadh ann na Ballstáit nua ar fad a áireamh i gcatagóir amháin d'fhorbairt shocheacnamaíoch, agus na Ballstáit eile níos saibhre a áireamh i gcatagóir an AE15, i ndáiríre tá rudaí níos casta ná sin. Cuir i gcás Málta agus an tSlóivéin, mar thíortha sa BSN, is tíortha iad seo a bhfuil na tréithe céanna luaite leo agus atá le tíortha áirithe in iarthar na hEorpa, cé gur minic go mbíonn dearcaí agus taithí saoránach i mBallstáit na Meánmhara – an Ghréig, an Iodáil agus an Phortaingéil – níos cosúla ná dearcaí agus taithí tíortha áirithe sa BSN ná na Ballstáit Nordacha.

Tríd is tríd, tá muintir na hEorpa sásta leis an saol atá á chaitheamh acu. I 2009, nuair a fiafraíodh 'Cé chomh sásta is atá tú le do shaol na laethanta seo?' an meánrátáil a tugadh ná 6.8 as 10. Ach bhí difríocht suntasach le tabhairt faoi deara idir na leibhéil sástachta a léirigh grúpaí sóisialta éagsúla: go ginearálta, bíonn daoine le hioncam níos airde, atá i mbarr na sláinte, a bhfuil poist bhuana agus leibhéil níos airde oideachais acu níos sásta leis an saol. Ina theannta sin, níl saoránaigh sa 12 Ballstát nua chomh sásta céanna lena saol agus atá saoránaigh san AE15. Níl dabht ar bith ann ach go bhfuil nasc idir an leibhéal saibhris i dtír (de réir OTI) agus an leibhéal sástachta – bhí daoine sna Ballstáit Nordacha shaibhre – sa Danmhairg, san Fhionlainn agus sa tSualainn níos sásta lena saol ná saoránach ar bith eile san AE; rátáil siad a leibhéal sástachta ag 8 as 10. I gcodarsnacht leis sin, rátáil daoine níos boichte sa Bhulgáir a leibhéal sástachta ag 4.4 as 10.

Tá sé soiléir freisin, áfach, nach bhfuil aon mhapáil aonair soiléir déanta idir ioncam náisiúnta agus leibhéal sástachta. Léiríonn sonraí ón suirbhé EQLS deireanach a rinneadh, i bhFigiúr 7, go bhfuil an OTI in aghaidh an duine i Lucsamburg beagnach a dhá oiread sin is atá in Éirinn; cé go raibh na rátálacha sástachta beatha a rinne saoránaigh sa dá thír beagnach mar a chéile. Go contrártha, ainneoin leibhéil chosúla OTI in aghaidh an duine a bheith sa Bhulgáir agus sa Rómáin, tá na rátálacha sástachta saoil níos airde sa Rómáin ná mar atá sa Bhulgáir. Is cosúil nuair a bhíonn tír rathúil a dhóthain chun a bunriachtanais a chomhlíonadh, go dtagann fachtóirí eile a bhaineann le folláine daoine chun solais.


Tá baint ag ioncam, áfach, leis an dearcadh atá ag daoine ar chomh sásta is atá siad lena saol: i ngach tír beagnach, is iad na daoine is saibhre is sásta leis an saol, agus is iad na daoine is boichte a léiríonn easpa sástachta leis an saol. Ina theannta sin, baineann leibhéal sástachta duine le rath na tíre ábhartha: i dtíortha níos saibhre, tá daoine i ngach réim ioncaim níos sásta leis an saol ná daoine i dtíortha níos boichte. Sampla amháin is ea daoine sa 25% is ísle den scála ioncaim sa Danmhairg – tá gach cosúlacht ar an scéal go mbeidh siad níos sásta lena saol ná na daoine sa 25% is airde sa Bhulgáir.

Figiúr 6: *Sástacht leis an saol 2003-2007-2009*




Foinse: *EQLS 2007*

Figiúr 7: *OTI in aghaidh an duine agus sástacht leis an saol, de réir tíre*




Foinse: *OTI, Eurostat; sástacht leis an saol, EQLS 2007*

Ceist 29: Ag cur gach uile ní san áireamh, cé chomh sásta is atá tú le do shaol na laethanta seo? Cuir freagra na ceiste in iúl ar scála idir 1 agus 10, áit arb ionann 1 agus thar a bheith míshásta agus arb ionann 10 agus fíorshásta. Tugann an OTI agus na sonraí sástachta saoil léargas ar an leibhéal coibhneasta (AE= 100)

 © An Foras Eorpach chun Dálaí Oibre agus Maireachtála a Fheabhsú, 2010

Mar atá thuasluaite, tá tionchar ag roinnt fachtóirí ar cháilíocht na beatha. Ach is cosúil gurb é an ghné is tábhachtaí i ndáil le leibhéal sástachta leis an saol sástacht le caighdeán maireachtála. In ainneoin é seo a bheith fíor ar fud na hEorpa, tá sé fíor go háirithe i gcás BSN, rud a d'fhéadfadh léargas a thabhairt b'fhéidir ar an deacracht atá ag go leor saoránach sna tíortha seo caighdeán maireachtála feiliúnach a bheith acu.

Léiríonn tátail suirbhé nuashonraithe, áfach, ó Mheán Fómhair – féach lastall – laghdú suntasach i roinnt gnéithe de cháilíocht na beatha, go háirithe sna tíortha sin a raibh an tionchar is measa ag dífhostaíocht orthu i rith an chúlaithe gheilleagraigh.

Cé gur úsáideadh figiúirí an AE i dteannta a chuid sonraí féin chun folláine saoránach ar fud an Aontais Eorpaigh a mheas, bhí sé mar aidhm le EQLS dearcadh níos fearr a fháil ar an rath a bhíonn ar dhaoine i dtéarmaí ábhartha. I 2007 agus i 2009, fiafraíodh de shaoránaigh an raibh siad ag sracadh leis an saol.

De réir cosúlachta, is i mBallstáit a bualadh go dona i dtéarmaí rátaí dífhostaíochta méadaitheacha agus laghdú ar OTI ó thosaigh an cúlú geilleagrach a bhí na teaghlaigh sin a bhí ag déileáil leis an gcruatan agus leis an díobháil ba mheasa i 2009.

## Ag imscrúdú cáilíocht na beatha san Eoraip

Le cois cur síos a dhéanamh ar an gcuspóir, forbairtí fíorasacha ar leibhéal Eorpach agus ar leibhéal náisiúnta i dtéarmaí athstruchtúraithe, caidreamh tionsclaíoch agus caighdeán fostaíochta, príomhghné d'obair Eurofound is ea mapáil a dhéanamh ar an tslí a mothaíonn saoránaigh Eorpacha faoina saol, faoina dteaghlaigh, faoina sochaithe agus faoina gcoinníollacha oibre.

Iarracht faoi leith é an Suirbhé Eorpach ar Cháilíocht na Beatha (EQLS) a bhfuil sé mar aidhm leis iniúchadh a dhéanamh ar cháilíocht na beatha, agus comparáid a dhéanamh idir an t-eolas a bhailítear agus an méid atá ag tarlú ar fud na hEorpa. Tarraingíonn torthaí an tsuirbhé aird ar na dúshláin beartais sóisialta agus geilleagracha a mbeidh ar an AE déileáil leo, i bhfianaise an dá bhabhta méadaithe is déanaí agus na ndeacrachtaí atá cruthaithe ag an gcúlú geilleagrach. Gné shuntasach den suirbhé is ea go n-áirítear ann idir ghnéithe oibiachtúla – an bhfuil d'acmhainn ag daoine dul ar saoire bhliantúil mar shampla, agus gnéithe suibiachtúla – an bhfuil muinín ag daoine as a gcomhshaoránaigh. Rinneadh an chéad suirbhé i 2003, an dara suirbhé ag deireadh 2007 i 27 Ballstát an AE, na trí tíortha iarrthóra (an Chróit, Poblacht Iar-Iúgslavach na Macadóine agus an Tuirc) mar aon leis an Iorua. Cuireadh breis agus 35,000 freagróir 18 mbliana déag d'aois nó níos sine faoi agallamh, agallaimh duine le duine den chuid is mó. Dearadh an ceistneoir ionas go mbeadh sé feiliúnach d'agallamh 30 nóiméad, go n-áireodh sé raon leathan gnéithe den saol agus go leagfadh sé béim ar fhostaíocht, ar thithíocht, ar rannpháirtíocht shóisialta agus pholaitiúil, ar chaighdeán na sochaí mar aon le folláine shuibiachtúil. Is i bhfoirm résumé a foilsíodh na chéad torthaí ón suirbhé i Samhain 2008, agus ansin foilsíodh na torthaí i bhfoirm tuarascála tuairisciúil i Márta 2009. Rinneadh anailís níos mionsonraithe thar an gcuid eile den bhliain.

© An Foras Eorpach chun Dálaí Oibre agus Maireachtála a Fheabhsú, 2010 

## Cad is cúis le sonas daoine?

Gné amháin de cháilíocht na beatha a thomhaistear in EQLS í sástacht leis an saol. Fiafraíodh i dtaighde Eurofound cé chomh sona is a mheas daoine iad a bheith. Ar an gcéad amharc, D'fhéadfaí a rá gurb ionann an dá ghné, is féidir a rá ar fud na hEorpa ar fad beagnach, go bhfuil níos mó daoine sona ná mar atá sásta. Bhí difríocht shuntasach le tabhairt faoi deara idir an dá ghné sna Ballstáit nua ísealioncaim agus sna tíortha iarrthóra. Tugann sé seo léargas dúinn ar an difríocht shuntasach atá idir an dá tháscaire: braitheann sonas den chuid is mó ar mhothúcháin seachas ar chaighdeáin mhaireachtála duine, agus tá tionchar níos mó ag imthosca seachtracha, socheacnamaíocha ar 'sástacht'. Cé go mbaineann tábhacht le caighdeán maireachtála réasúnta maith, is é an réamhchoinníoll is tábhachtaí i ndáil le saol sona saol teaghlaigh agus sóisialta sásúil. Cé gur féidir a rá go bhfuil an dá ghné seo chomh tábhachtach lena chéile san AE15, baineann i bhfad níos mó tábhachta le saol teaghlaigh sa BSN.

Cén fáth mar sin a mbíonn daoine míshona nó míshásta? D'fhéadfaí a rá gurb é dífhostaíocht an príomhfhachtóir a bhaineann le droch-cháilíocht beatha – toradh atá ag teacht le hábharthacht na mbeart beartais a sonraíodh níos túisce sa Bhliainiris mar iarracht srian a chur leis an gcaillteanas fostaíochta de thoradh an chúlaithe gheilleagraigh. Is iad daoine dífhostaithe is mó atá i mbaol a bheith míshásta agus míshona (mar aon le bheith coimhthithe), tá trí oiread níos mó seans ann go mothóidh daoine dífhostaithe mar seo i gcomparáid le daoine fostaithe. I measc na ngrúpaí eile a d'fhéadfadh a bheith i mbaol tá daoine a bhfuil leibhéal teoranta oideachais acu, daoine le hioncam íseal, oibrithe neamhoilte, teaghlaigh aontuismitheora agus daoine a bhfuil tinneas ainsealach orthu.

## Léargas ar an Eoraip

### Teaghlach

Tá éagsúlacht shuntasach le tabhairt faoi deara i líon teaghlaigh ar fud na hEorpa: sa Danmhairg, bhí an meánlíon teaghlaigh cothrom le 2.5 duine i 2007, agus sa Tuirc bhí an meánlíon teaghlaigh cothrom le 4.2 duine. Tríd is tríd, is sna tíortha i dtuaisceart na hEorpa a fhaightear an líon teaghlaigh is lú agus is sna trí tíortha iarrthóra a fhaightear an líon teaghlaigh is mó. Ar an iomlán, is ionann 37% de theaghlaigh Eorpacha agus lánúin le leanaí, is ionann ceathrú de theaghlaigh agus cúpla, agus is ionann teaghlach amháin as gach sé theaghlach agus duine singil; méadaíonn an céatadán de theaghlaigh le daoine singile i gcás daoine 65 bliain d'aois agus níos sine, áfach.

### Tithíocht

San AE27 trí chéile, tá a dteach féin ag 70% de dhaoine, agus is le beagnach leath díobh a dteach féin, gan aon mhorgáiste ná iasacht a bheith acu. Tá an céatadán daoine ar leo a dteach féin i bhfad níos airde sa BSN12 – ar an meán is le 74% a dteach féin, tá an céatadán is airde le tabhairt faoi deara sa Rómáin (87%). Ní hionann an céatadán mór seo d'úinéireacht-áitíocht agus caighdeán níos airde cóiríochta, áfach.

### Seirbhísí poiblí

Tá éagsúlacht le tabhairt faoi deara sa tslí a rátálann muintir na hEorpa a seirbhísí poiblí – cosúil le hiompar poiblí, oideachas agus córas pinsin an stáit – i gcás seirbhísí aonair agus tíortha difriúla. Ar scála 1 go 10, ba é an rátáil a thug saoránaigh ar fud an AE27 dá gcórais phoiblí iompair agus oideachais náisiúnta 6.3, ach ní raibh an rátáil a tugadh dá bpinsean stáit ach cothrom le 4.8, rud a thugann léargas b'fhéidir ar an imní atá ar dhaoine maidir le hinbhuanaitheacht córas pinsean. Is gnách go dtugann saoránaigh san AE15 rátáil níos airde dá seirbhísí poiblí i gcomparáid lena gcomharsana sa BSN12: sa chás gur thug muintir na Bulgáire rátáil 4.9 dá gcóras oideachais, thug muintir na Danmhairge rátáil 7.6 dá gcóras oideachais.


© An Foras Eorpach chun Dálaí Oibre agus Maireachtála a Fheabhsú, 2010

### Sláinte

Ar an meán san AE, tá fadhb nó míchumas sláinte fadtéarmach ag 24% de dhaoine. San Fhionlainn, áfach, thuairiscigh 39% de dhaoine fadhb ainsealach sláinte a bheith acu, i gcomparáid le 13% san Iodáil; d'fhéadfadh gur léargas na figiúirí sin ar staid reatha na saoránach i gceist. Ní nach ionadh mar sin, go n-ardaíonn rátaí de thinneas ainsealach go suntasach le haois; tá baol níos mó ann go mbeidh mná níos sine sa BSN12 ag fulaingt le tinneas ainsealach, ó tharla gur thuairiscigh 56% de mhná os cionn 65 bliain d'aois go raibh fadhb fhadtéarmach acu lena sláinte.

### Inimirce

San AE27, mhothaigh thart ar leath de na daoine a rinne an suirbhé nár cheart go mbeadh cead ag imircigh isteach sa tír chun oibre ach amháin má bhí poist ar fáil; theastaigh ó 29% breise go mbeadh srian curtha leis an líon imirceach a bheadh ag teacht chun oibre ina dtír féin, agus b'fhearr le 7% dá gcuirfí bac iomlán ar eachtrannaigh teacht chomh fada leis an tír chun oibre. Is léir tuairimí níos láidre a bheith ag saoránaigh ó thíortha a bhfuil go leor imirceach ag triall orthu ó mhéadú 2004 i leith maidir leis an gceist seo: sa Chipir, sa Ghréig, in Éirinn, i Málta agus sa Ríocht Aontaithe, tá idir 40% agus 50% de fhreagróirí i bhfabhar srianta géara imirce a chur i bhfeidhm.

### Soirbhíochas

I 2007, nuair a fiafraíodh de dhaoine faoin todhchaí, chuir níos mó ná trí cheathrú de na saoránaigh sna Ballstáit Nordacha in iúl go raibh siad dóchasach faoin todhchaí. I gcodarsnacht leis sin, sna trí thír de chuid an AE15 (an Fhrainc, an Iodáil, an Phortaingéil) agus sna ceithre Bhallstát nua (Poblacht na Seice, an Bhulgáir, an tSlóvaic agus an Ungáir) léirigh níos lú ná leath de na daoine a rinne an suirbhé a leithéid sin de mhuinín. San Ungáir, go deimhin, thug níos mó daoine le fios go raibh siad éadóchasach seachas dóchasach faoin todhchaí.

### Neamhthuilleamaíocht

Is minic go mbíonn ar theaghlaigh nach leor an t-ioncam atá á shaothrú acu chun freastal ar a riachtanais straitéisí maireachtála eile a aimsiú dóibh féin. Ní nach ionadh, bíonn neamhthuilleamaíocht áirithe coitianta sna tíortha níos boichte: táirgeann thart ar leath de na teaghlaigh sna tíortha iarrthóra agus sa BSN12 (seachas an Chipir agus Málta) roinnt bia dá gcuid féin. I gcodarsnacht leis sin, ní dhéanann ach teaghlach amháin as gach cúig theaghlach san Ostair, sa Bheilg agus sa Ghearmáin amhlaidh. A dhála sin, is gnách go mbíonn trí ghlúin de theaghlaigh le chéile faoin aon díon amháin i gcás idir 20% agus 30% de theaghlaigh sa Chróit agus i bPoblacht Iar-Iúgslavach na Macadóine, ar mhaithe le costais mhaireachtála a roinnt.

### Obair dheonach

Tá éagsúlacht mhór le sonrú i rannpháirtíocht mhuintir na hEorpa in obair dheonach nó charthanach lasmuigh d'obair ar íocaíocht ar fud na hEorpa ar fad. Cé go dtugann níos mó ná 53% de shaoránaigh san Iorua le fios go mbíonn siad páirteach in obair gan íocaíocht uaireanta, ní raibh a leithéid fíor ach i gcás beagán le cois 6% de shaoránaigh na Cróite. Cé go bhfuil obair dheonach níos coitianta, ar an meán, san AE15 (go háirithe sna tíortha Nordacha, agus san Ostair) ná mar atá i dtíortha iarrthóra, níl aon phictiúr soiléir amháin le tabhairt faoi deara: in ainneoin go dtugann beagnach 16% de shaoránaigh na Tuirce faoi obair dheonach, ní dhéanann ach breis agus 7% de shaoránaigh na Spáinne amhlaidh.

Faoi dheireadh 2009, bhí an cúlú geilleagrach ba mheasa tugtha faoi deara sa Laitvia, sa Liotuáin agus in Éirinn, cúlú sa bhreis ar 10%, agus bhí na tíortha sin mar aon leis an Eastóin agus leis an Spáinn ag déileáil le méadú suntasach ar leibhéil dífhostaíochta. Nuair a fiafraíodh de dhaoine faoina staid phearsanta, thug teaghlaigh sa Laitvia, sa Liotuáin, in Éirinn (agus sa Ghréig) le fios go raibh siad ag sracadh leis an saol agus go raibh níos mó deacrachtaí ná riamh acu idir 2007 agus 2009. Sa Ghréig, ainneoin deacrachtaí nó an-deacrachtaí a bheith ag 32% i 2007, bhí deacrachtaí ag 38% i

2009. I Laitvia, bhí an figiúr seo cothrom le 25% i 2007, ach méadaíodh an figiúr go dtí 31% i Meán Fómhair 2009; sa Liotuáin méadaíodh an figiúr ó 11% go 19%, agus in Éirinn méadaíodh an figiúr ó 4% go dtí 9% – figiúirí arb ionann iad agus breis agus dúbailt de mhéadú ar líon na dteaghlach a bhí ag sracadh leis an saol.


## An cúlú geilleagrach a chur san áireamh – an dógh ar nuashonraigh Eurofound á chuid sonraí 2007

Bhí an cúlú geilleagrach a d'fhorbair i rith 2008 mar bhonn le hathrú drámata ar imthosca saoil go leor saoránach Eorpach, rud a chiallaigh go raibh formhór torthaí shuirbhé 2007 as dáta. Cé go raibh gnáth-thimthriall ceithre bliana an tsuirbhé rófhada le freagairt go tráthúil don chúlú geilleagrach a tharla idir 2009–2009, trí úsáid a bhaint as uirlis Eorabharaiméadar an Choimisiúin Eorpaigh bhí sé indéanta comparáid a dhéanamh idir na freagairtí a fuarthas ar phríomhcheisteanna agus ar an tslí sin léargas a thabhairt ar shaoránaigh Eorpacha a bhí ag dul i ngleic leis an gcúlú geilleagrach.

D'fhonn déileáil leis seo, d'oibrigh Eurofound i gcomhar le suirbhé Eorabharaiméadar, suirbhé an Choimisiúin Eorpaigh ar thuairimí an phobail, chun roinnt ceisteanna ón EQLS a áireamh sa suirbhé Eorabharaiméadar a rinneadh i Meán Fómhair 2009. Féadfar léargas a fháil ar threochtaí a tharla thar am trí úsáid a bhaint as sonraí a bailíodh i 2003, 2007 agus 2009, mar aon le léargas éigin a fháil ar thionchar an chúlaithe le linn dó a bheith ag titim amach.

Bhí an chosúlacht ar an scéal, áfach, i dtíortha áirithe – an Pholainn ach go háirithe – go ndeachaigh rudaí chun feabhais sa tréimhse chéanna. I 2007, bhí 24% de theaghlaigh sa Pholainn ag sracadh leis an saol; i 2009, bhí an figiúr tite go dtí 17%. Sa Rómáin, laghdaigh an figiúr inchomparáide ó 30% go dtí 26%. Sa tSlóvaic, laghdaigh an figiúr ó 15% go 13%, ó 14% go 11% sa Bheilg agus ó 7% go 6% sa Ríocht Aontaithe.

Figiúr 8: *Céatadán atá ag sracadh leis an saol (%)*




Foinse: *EQLS 2007*



© An Foras Eorpach chun Dálaí Oibre agus Maireachtála a Fheabhsú, 2010

Bhí sé mar aidhm le EQLS freisin léargas níos fearr a fháil ar fholláine ábhartha saoránach. Fiafraíodh de shaoránaigh Eorpacha an raibh siad gann ar shé ghné faoi leith de bharr easpa airgid: teas oiriúnach sa bhaile; saoire bhliantúil; troscán nua a cheannach in ionad troscán seanchaite; béile le feoil, sicín nó iasc gach dara lá; éadaí nua; agus an acmhainn cuireadh a thabhairt do dhaoine chuig do theach chun béile. Bhí difríochtaí suntasacha le tabhairt faoi deara sna leibhéil díobhála ábhartha ar fud na hEorpa: ní raibh d'acmhainn ag deich n-oiread daoine sna tíortha iarrthóra sa réim ísealioncaim sna tíortha níos saibhre san AE15 formhór díobh seo nó iad go léir a cheannach.

Tugadh míchothromaíochtaí suntasacha faoi deara laistigh de thíortha áirithe freisin: sa Rómáin, níl d'acmhainn ag an 25% de na saoránaigh is boichte ach dhá cheann den sé ábhar thuasluaite a cheannach, agus tá ar chumas an 25% is saibhre cúig as an sé ábhar thuasluaite a cheannach. I gcodarsnacht leis sin, bhí an neamhionannas (mar aon leis an bhfairsinge) díobhála idir saoránaigh agus i measc saoránach sa tSualainn an-íseal. Gné shuntasach eile is ea i gcuid de na tíortha is boichte i measc TI3 agus BSN12, go bhfuil na saoránaigh is saibhre fós níos measa as ná cuid de na saoránaigh is boichte i gcuid den AE15. Sa Tuirc, i bPoblacht Iar-Iúgslavach na Macadóine, sa Bhulgáir, sa Rómáin, san Ungáir, sa Liotuáin, sa tSlóvaic agus i Laitvia i 2007, bhí an 25% is saibhre níos measa as ná an 25% is boichte sa Danmhairg, sa tSualainn, i Lucsamburg agus san Ísiltír.

Ba é sin mar a bhí an scéal i 2007. Céard a tharla faoi Mheán Fómhair 2009? Níor áiríodh ach gné amháin ón mbunliosta sé ghné sin sa suirbhé Eorabharaiméadar: fiafraíodh de theaghlaigh an raibh d'acmhainn acu béile le feoil, sicín nó iasc a cheannach gach dara lá dá mba mhian leo. Léargas ba ea na freagairtí ar athrú iomlán ar imthosca – seachas líon beag tíortha – ó 2007 anonn. I 2007, ní raibh d'acmhainn ag 41% de theaghlaigh sa Bhulgáir feoil, sicín nó iasc a ithe gach dara lá; faoi Mheán Fómhair 2009, bhí an figiúr sin méadaithe go 50%.

Figiúr 9: *Meán innéacs díothachta, de réir ceathairíl ioncaim agus tíre*




Foinse: *EQLS 2007*
Sonraí faighte ó Cheist 19 (Foinse EQLS). Cumhdaítear san innéacs díothachta ó náid (sa chás nach bhfuil gné ar bith ar iarraidh) go sé (sa chás go bhfuil na sé ghné ar iarraidh)

© An Foras Eorpach chun Dálaí Oibre agus Maireachtála a Fheabhsú, 2010 

San Ungáir, bhí an figiúr cothrom le 32% i 2007; i 2009, bhí sé cothrom le 42%; san Eastóin mhéadaigh an figiúr ó 9% go 14%. Agus tugadh an méadú díobhála is mó faoi deara san Iodáil, mhéadaigh an figiúr faoi thrí ó 3% de theaghlaigh i 2007 go dtí 9% i 2009.

Ar fud na hEorpa, bhí treocht laghdaitheach le tabhairt faoi deara idir 2007 agus 2009 sna tíortha ar fad beagnach i dtéarmaí sástachta leis an gcaighdeán maireachtála; i dtíortha áirithe tá an treocht seo thar a bheith suntasach – sa Laitvia, sa Rómáin, sa Phortaingéil agus i Málta mar shampla. Is cosúil go mbaineann tábhacht leis an ról atá ag an duine sa tsochaí freisin: tugadh an laghdú is mó sa leibhéal sástachta leis an gcaighdeán maireachtála faoi deara i measc daoine 65 bliain d'aois agus níos sine in BSN12; ba iad na daoine seo freisin a léirigh an laghdú is mó sa leibhéal sástachta leis an saol trí chéile.

Forbairt a bhfuil an chosúlacht uirthi a tharla i ngach áit ba ea méadú idir 2007 agus 2009 sa leibhéal teannais sochaíoch a measadh a bhí le brath ar fud na hEorpa, agus laghdú ar rátáil na bpríomhinstitiúidí náisiúnta. Ó 2007 i leith, bhí an líon teaghlach a mheas go leor teannais a bheith idir grúpaí eitneacha méadaithe 7%, agus tugadh méadú suntasach faoi deara freisin sna leibhéil teannais a measadh a bheith idir daoine saibhre agus daoine bochta (8%). Ceileann meánfhigiúirí Eorpacha athruithe níos suntasaí ar leibhéal náisiúnta, áfach. I 2007, mheas 22% de theaghlaigh sa tSlóvaic go leor teannais a bheith idir grúpaí ciníocha agus eitneacha, ach faoi 2009 bhí an figiúr seo méadaithe go dtí 58%. Tá méaduithe suntasacha le tabhairt faoi deara i Málta freisin (ó 43% go 67%), sa Danmhairg (ó 36% go 56%), agus san Ungáir (ó 50% go 69%). Méadaíodh an teannas a measadh a bheith idir daoine saibhre agus daoine bochta i mbeagnach gach uile tír idir 2007 agus 2009, agus go suntasach i dtíortha áirithe, lena n-áirítear Málta, an Eastóin, an tSlóivéin agus an tSlóvaic, le méadú 10 bpointe céatadáin nó níos mó.

## Treochtaí i gcáilíocht na beatha ó 2003-2007

D'áirigh anailís thánaisteach a rinneadh ar EQLS 2007 athbhreithniú ar na hathruithe a tharla ó rinneadh an chéad suirbhé (in 2003) agus an dara suirbhé in 2009. I ndáil le cúrsaí geilleagracha, san Eoraip, tugadh fás tapa geilleagrach faoi deara sa tréimhse idir 2003 agus 2007, go háirithe sna Ballstáit nua, áit a raibh athrú geilleagrach agus infheistíocht isteach mar bhonn le rátaí fáis bliantúla dhá dhigit. Le linn na tréimhse seo, i dtéarmaí geilleagracha, tháinig laghdú suntasach ar an mbearna idir BSN agus AE15: in 2004, nuair a ghlac BSN10 páirt sa Choimisiún Eorpach, bhí an leibhéal OTI sna 10 dtíortha seo cothrom le 49% den OTI san AE15; faoi 2007, bhí an ráta méadaithe go 56%. Le linn na tréimhse céanna, laghdaigh an bhearna sa Bhulgáir agus sa Rómáin freisin, ó 28% go 34%.

Tríd is tríd, sa 27 Ballstát trí chéile, d'fhan cáilíocht na beatha réasúnta mar a chéile idir 2003 agus 2007, ainneoin gur tharla roinnt athruithe beaga dearfacha – méadaíodh an leibhéal sástachta le caighdeán seirbhísí poiblí áirithe, mar shampla. Sna tíortha atá páirteach san AE ó 2004, áfach, tháinig feabhas ar cháilíocht na beatha trí chéile, i gcoibhneas leis an AE15. Mar shampla, ainneoin gur thug saoránaigh sa tSlóvaic rátáil 5.1 as 10 dá gcaighdeán maireachtála i 2003, faoi 2007 bhí an ráta seo méadaithe go 6.7 (ach thit an ráta arís go 6.3 faoi 2009). Léirigh measúnachtaí a rinneadh ar cháilíocht na beatha sa Bhulgáir agus sa Rómáin i bhfad níos lú forbartha.


Ina theannta sin, ó 2007 i leith, is cosúil go bhfuil caillteanas muiníne le sonrú i measc mhuintir na hEorpa – caillteanas muiníne ina gcomhshaoránaigh agus in institiúidí náisiúnta. Nuair a fiafraíodh díobh i 2007 a leibhéal muiníne i ndaoine eile a rátáil ar scála ó 1 go 10, ba é an meánráta a thug teaghlaigh Eorpacha 5.3; i 2009, bhí sé seo laghdaithe go dtí 4.9. Bhí laghduithe níos suntasaí fós le tabhairt faoi deara sa leibhéal muiníne a bhí ag daoine sna rialtais agus sna parlaimintí náisiúnta: laghdaigh na meánleibhéil mhuiníne ó 4.6 go 4.1, laghdú 11% ar an meán. Agus arís, tá an scéal níos measa

 © An Foras Eorpach chun Dálaí Oibre agus Maireachtála a Fheabhsú, 2010

ná sin i dtíortha éagsúla thar a chéile. Mar shampla, tá an laghdú muiníne sa rialtas náisiúnta níos suntasaí in Éirinn, sa Spáinn, sa Rómáin, sa Laitvia agus sa Ghréig, áit ar laghdaíodh an leibhéal muiníne idir 22% agus 33%.

## Cé a bhfuil muinín agat iontu?

Figiúr 10: *Rátálacha muiníne i ndaoine eile, de réir tíre, 2007*




Foinse: *EQLS 2007*
Tabhair faoi deara: Fiafraíodh de fhreagróirí an leibhéal muiníne a bhí acu i ndaoine eile a rátáil ó 1 go 10.

Ba léir ón anailís a rinneadh ar shonraí ó 2007 nach raibh comhionannas le tabhairt faoi deara sna leibhéil mhuiníne (nó easpa muiníne) sa tsochaí trí chéile. Tríd is tríd, is iad na daoine is leochailí sa tsochaí – daoine dífhostaithe, daoine a bhfuil an tsláinte go dona acu, nó teaghlaigh aontuismitheora – a léiríonn an méid is lú muiníne i ndaoine eile. Bíonn tionchar ag aois ar leibhéal muiníne daoine freisin, ach ní ar an tslí chéanna ar fud na hEorpa. San AE15 agus sa TI3, is iad daoine atá os cionn 65 bliain d'aois a léiríonn an méid is mó muiníne i ndaoine eile; i gcodarsnacht leis sin, sa BSN, is iad daoine óga (idir 18 agus 34 bliain d'aois) a léiríonn an méid is mó muiníne i ndaoine eile – rud a thugann léargas ar thaithí dhifriúil na nglún éagsúil ar athrú polaitiúil agus sóisialta.

In ainneoin iarrachtaí a bheith ar bun go leanúnach ag leibhéal an AE agus náisiúnta chun forbairt shóisialta agus gheilleagrach a chinntiú ar fud na hEorpa – go háirithe i rith na Bliana Eorpaí um Chomhrac na Bochtaineachta agus an Eisiata Shóisialta – dearbhaíonn na treochtaí a eascraíonn ó shuirbhéanna EQLS nach bhfuil an cath caillte go fóill.

D'fhéadfaí a rá go bhfuil torthaí suirbhéanna eile ar cháilíocht na beatha a foilsíodh i 2009 in acmhainn déileáil níos éifeachtaí le hathrú: is léargas iad tátail suirbhé 2007 mar shampla gur cosúil ról lárnach a bheith ag an teaghlach i gcúram leanaí agus i gcúram daoine scothaosta. Is é an teaghlach an chéad phointe teagmhála, d'fhormhór na ndaoine, i gcás éigeandála freisin; rud a léiríonn gurb é caighdeán na dteagmhálacha teaghlaigh an ghné is tábhachtaí de cháilíocht na beatha. I 2007, thug formhór de mhuintir na hEorpa – 88% – le fios go bhféadfaidís cúnamh a lorg óna dteaghlach nuair a theastaigh sé, cúnamh ar fud an tí dá mbeidís tinn mar shampla. Mheas sa bhreis ar 70% go bhféadfaidís airgead a fháil óna dteaghlaigh i gcás éigeandála.

© An Foras Eorpach chun Dálaí Oibre agus Maireachtála a Fheabhsú, 2010 

Ina theannta sin, bíonn teagmháil rialta ag muintir na hEorpa lena dteaghlaigh agus lena gcairde. Casann leath de na saoránaigh ar fad a bhfuil leanaí acu atá ina gcónaí lasmuigh den teaghlach le leanbh amháin nó níos mó ná gcuid gach lá nó gach dara lá, ar a laghad. Agus tá gach cosúlacht ar an scéal go bhfuil daoine sásta go ginearálta lena saol teaghlaigh, ag tabhairt rátáil 8 as 10 don ghné seo den saol.

## Cothromaíocht idir an obair agus an saol

Bíonn daoine a bhfuil post acu níos sásta leis an saol go ginearálta: tá daoine dífhostaithe níos míshásta leis an saol. Ina theannta sin, ainneoin teagmhálacha teaghlaigh a bheith ag dul i léig, measann muintir na hEorpa fíorthábhacht a bheith ag baint leis an teaghlach, mar phríomhfhoinse sástachta agus mar phríomhfhoinse tacaíochta.

Ní i gcónaí a bhíonn sé éasca, áfach, cothromaíocht eatarthu a chinntiú. Chuir beagnach leath (48%) de na saoránaigh ar fad atá i mbun fostaíochta a thuilleann íocaíocht in iúl go mbíonn cúpla uair ar a laghad ann sa mhí nuair a bhíonn siad róthuirseach mar gheall ar a gcuid oibre jabanna beaga ar fud an tí a dhéanamh, agus chuir ceathrú de na saoránaigh (22%) in iúl go dtarlaíonn a leithéid seo cúpla uair gach seachtain.

De réir dealraimh is ag oibrithe in oirdheisceart na hEorpa a bhí na deacrachtaí is mó i 2007 cothromaíocht idir an obair agus an saol a chinntiú. Sa Chróit agus sa Ghréig, chuir os cionn 70% in iúl go mbíonn siad róthuirseach cúpla uair in aghaidh na míosa jabanna beaga ar fud an tí a dhéanamh, mar gheall ar a gcuid post. Is cosúil go bhfuil an líon is lú deacrachtaí ag oibrithe sa Bheilg, san Iodáil, sa Ghearmáin, san Ísiltír agus san Iorua cothromaíocht oibre is saol a chinntiú.

Idir an dá linn, chuir 29% d'oibrithe in iúl go mbíonn deacrachtaí acu cúpla uair sa mhí freagrachtaí teaghlaigh a chomhlíonadh mar gheall ar an méid ama a chaitheann siad ag obair. Ní nach ionadh mar sin go mbíonn níos mó deacrachtaí ag daoine a oibríonn uaireanta fada cothromaíocht idir an obair agus an saol a bhaint amach i gcomparáid le daoine a oibríonn uaireanta níos giorra; mná – go háirithe – fianaise air seo is ea go n-athraíonn go leor ban a gcuid uaireanta oibre ionas gur féidir leo déileáil leis na héilimh bhreise a chruthaíonn leanaí agus teaghlach – ag obair go páirtaimseartha, mar shampla. Is cinnte go gcaitheann mná níos mó ama ar chúram teaghlaigh ná fir: ar fud na hEorpa ar an meán, caitheann mná thart ar 33 uair an chloig in aghaidh na seachtaine ag tabhairt aire do leanaí, agus ní chaitheann fir ach 18 uair an chloig, mar shampla.

## Sláinte agus cúram sláinte

Cé go measann muintir na hEorpa tábhacht ar leith a bheith ag gabháil le sláinte, rátáil 81% go raibh sé 'an-tábhachtach' i ndáil lena gcáilíocht beatha, agus níor mheas ach 21% a sláinte féin a bheith an-mhaith, agus mheas 46% a sláinte féin a bheith 'go maith'. Mheas daoine sa BSN agus sa TI3 – agus mná go háirithe – ar an meán, go raibh a sláinte níos measa ná mar a bhí fíor san AE15. Ní nach ionadh ach oiread go measann pobal scothaosta na hEorpa an tsláinte a bheith go dona acu; ach tá an chosúlacht ar an scéal go bhfuil an tsláinte níos measa i measc daoine scothaosta sa BSN (daoine 65 bliain d'aois agus níos sine): dúirt 34% go raibh an tsláinte go dona acu, ach níor léirigh ach 15% san aoisghrúpa céanna san AE15 a leithéid a bheith fíor.


**98**

láithreoireachtaí déanta ag baill foirne Eurofound, le cuireadh, chuig geallsealbhóirí thar 27 Ballstát an AE

Agus bíonn an scéal níos measa i measc daoine bochta freisin: thug 14% ag bun an speictrim ioncaim le fios go raibh an tsláinte go dona acu, i gcomparáid le 4% ag barr an speictrim. Bíonn an scéal níos measa fós i measc saoránach i dtíortha eile, áfach: sa Bhulgáir, sa Chróit, san Ungáir, sa Laitvia agus sa Phortaingéil, chuir 30% nó níos mó ag bun an speictrim ioncaim in iúl go raibh an tsláinte go dona acu.

 © An Foras Eorpach chun Dálaí Oibre agus Maireachtála a Fheabhsú, 2010

Figiúr 11: *Meán innéacs meabhairshláinte de réir tíre*




Foinse: *EQLS 2007*

## Ag tomhas meabhairshláinte

Scrúdaíodh in EQLS meabhairshláinte saoránach Eorpach trí úsáid a bhaint as sraith ceisteanna deartha ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte. Fiafraíodh de shaoránaigh a chur in iúl conas mar a bhí siad ag mothú – an raibh siad gealgháireach agus an raibh siad i ndea-ghiúmar? An raibh siad ar a suaimhneas? An raibh siad gníomhach agus lán le fuinneamh? An raibh siad lán le fuinnimh agus réidh don lá amach rompu nuair a dhúisigh siad ar maidin? An dóigh leo go mbíonn an lá suimiúil? Tugtar léargas sa ghraf ar an gcéatadán saoránach a mhothaigh mar seo i ngach tír an t-am ar fad, nó an chuid is mó den am, le coicís anuas.

Is gné lárnach d'fholláine an duine í meabhairshláinte. De réir dealraimh tá stádas meabhairshláinte níos fearr ag daoine san AE15 agus san Iorua, agus is iad muintir na Tuirce is mó a mbíonn deacrachtaí meabhairshláinte ag dul dóibh. Tríd is tríd, bíonn an patrún a bhaineann le meabhairshláinte díreach cosúil leis an bpatrún a bhaineann le sláinte fhisiciúil: is gnách go mbíonn na deacrachtaí is measa le tabhairt faoi deara i measc daoine níos sine, agus go mbíonn cúrsaí níos fearr ina measc siúd a bhfuil ioncam níos airde acu ná ioncam níos ísle (tá an neamhionannas níos soiléire sa TI3 agus sa BSN12) agus bíonn cúrsaí beagán níos fearr i measc na bhfear ná mar a bhíonn i measc na mban.

Ainneoin an tábhacht a bhaineann le seirbhísí oiriúnacha cúraim sláinte chun cosaint shóisialta a chinntiú, bhí deacrachtaí ag roinnt mhaith de shaoránaigh Eorpacha rochtain a fháil ar sheirbhísí i 2007. Mhothaigh breis agus 25% go raibh siad lonnaithe rófhada ón dochtúir nó ón ospidéal, agus mhothaigh breis agus 27% gur chruthaigh an costas a bhaineann le cuairt a thabhairt ar dhochtúir deacrachtaí. Léirigh daoine ar ioncam níos ísle go raibh níos mó deacrachtaí acu ná a gcomhshaoránaigh níos rathúla rochtain a fháil ar sheirbhísí, agus tá an neamhionannas seo níos soiléire sa BSN agus TI3: ainneoin nach raibh deacrachtaí ach ag 22% ag barr an scála ioncaim sna tíortha iarrthóra an costas a bhain le cuairt a thabhairt ar an dochtúir a íoc, chruthaigh sé deacrachtaí do 48% de dhaoine ag bun an scála ioncaim. Ar an iomlán, tugann saoránaigh san AE15 rátáil i bhfad níos fearr do sheirbhísí sláinte ná saoránaigh sa BSN agus sa TI3; sa Ghréig, in Éirinn, san Iodáil agus sa Phortaingéil, áfach, bhí an rátáil a rinne saoránaigh ar sheirbhísí sláinte níos measa ná an mheánrátáil a rinne saoránaigh ar sheirbhísí sláinte sa TI3 nó sa BSN.

### Tithíocht agus comharsanacht

Is gné eile de cháilíocht na beatha é caighdeán na comharsanachta – laistigh agus lasmuigh den teach. Ar an iomlán, tá an caighdeán tithíochta níos fearr san AE15 ná mar atá sa BSN nó sna tíortha iarrthóra eile. Mar shampla, is ag daoine san Ísiltír, sa Bheilg agus i Lucsamburg atá an méid is mó spáis mhaireachtála, agus is ag muintir na Cróite agus

© An Foras Eorpach chun Dálaí Oibre agus Maireachtála a Fheabhsú, 2010 

Phoblacht Iar-Iúgslavach na Macadóine atá an méid is lú spáis mhaireachtála; níl ach deacrachtaí ag 6% de theaghlaigh sa tSualainn le tais nó le sceith uisce, ach tá deacrachtaí ag 23% de theaghlaigh san Eastóin le tais agus le sceith uisce; agus cé go bhfuil leithreas sruthlaithe taobh istigh ag gach teaghlach san Ostair, níl a leithéid d'acmhainn ag 35% de theaghlaigh sa Rómáin. Is gnách go mbíonn níos mó deacrachtaí ag daoine a mbíonn cóiríocht ar cíos acu ná mar a bhíonn ag daoine a bhfuil teach dá gcuid féin acu. Agus, díreach mar a mbeifí ag súil leis, bíonn níos mó deacrachtaí ag daoine ar ioncam íseal ná mar a bhíonn ag a gcomharsana níos saibhre.

### Ag úsáid sonraí ón EQLS

Tugann uirlis mhapála suirbhé (SMT) Eurofound léargas éagsúil dúinn ar shonraí ó shuirbhéanna tábhachtacha. Féadfaidh úsáideoirí an t-eolas atá uathu a roghnú bunaithe ar a gcuid riachtanas. Ceadaíonn an uirlis duit féachaint ar na sonraí i bhfoirm mapa, barrachairte nó tábla, sonraí náisiúnta a chur i gcomparáid le meáin an AE, féachaint ar mhiondealú de réir inscne, aoise agus ioncaim, agus sonraí a íoslódáil i bhfoirm comhad .csv (comhoiriúnach le Excel).

Téigh chuig **www.eurofound.europa.eu/areas/qualityoflife/eqls/eqls2007/results.htm**

Lena chois sin, cuireadh tacair sonraí a bhí bunaithe ar EQLS ar fáil ag deireadh 2009 i DataArchive na Ríochta Aontaithe, ar láithreán gréasáin Ollscoil Essex, mar chuid d'iarrachtaí tacair sonraí agus doiciméid ó shuirbhéanna uile-Eorpacha Eurofound a chur ar fáil do thríú páirtithe. Chomh maith leis sin, tá tacair sonraí ó shuirbhéanna EQLS a rinneadh roimhe seo le fáil ar an láithreán, mar aon le Suirbhéanna Eurofound ar Dhálaí Oibre san Eoraip agus an chéad suirbhé cuideachta. Is féidir clárú ag **www.esds.ac.uk/support/newuser.asp** agus féadfar teacht ar na tacair sonraí ag **www.esds.ac.uk/international/access/I33365.asp**

Fiafraíodh in EQLS de dhaoine faoin timpeallacht áitiúil – na deacrachtaí a bhain le bruscar agus truailliú, rochtain ar spás glas, agus an leibhéal coireachta nó loitiméireachta. Ba iad muintir na dtíortha Nordacha ba shona leis an timpeallacht áitiúil, mar aon le muintir na hOstaire, na Gearmáine agus na hÍsiltíre. Ar an meán, thuairiscigh idir 30% agus 40% de theaghlaigh dhá dheacracht nó níos mó den chineál seo a bheith le tabhairt faoi deara ina gcomharsanacht. I gcodarsnacht leis sin, mheas os cionn 80% san Iodáil agus sa Bhulgáir deacrachtaí den chineál sin a bheith acu.

## AG COMHTHÁTHÚ IMIRCEACH I GCATHRACHA EORPACHA

Ba é a bhí mar thoradh leis an reifreann a reáchtáladh san Eilvéis ag deireadh 2009 cosc a chur ar thógáil miontúr ag moscanna, rud a tharraingíonn aird ar an teannas a bhíonn mar bhonn uaireanta leis an díospóireacht leanúnach a bhaineann le mionlaigh eitneacha agus reiligiúnacha a chomhtháthú i measc sochaithe Eorpacha.

I 2006, bhunaigh Eurofound, i gcomhar le Cónaidhm Údarás Áitiúil agus Réigiúnach Chomhairle na hEorpa, agus cathair Stuttgart, líonra Eorpach Cathracha um Chomhtháthú Áitiúil Beartas le haghaidh Imirceach (CLIP), chun scrúdú a dhéanamh ar an tslí ar dhéileáil cathracha – mar ionaid a mheallann go leor imirceach – don dúshlán a bhaineann le comhtháthú a chothú.

 © An Foras Eorpach chun Dálaí Oibre agus Maireachtála a Fheabhsú, 2010

I 2009, leanadh le hobair ar shraith cás-stáidéar faoi thionscnaimh a bunaíodh i réimse an bheartais tithíochta, agus i mbeartas cathrach fostaíochta agus soláthar seirbhíse i gcathracha Eorpacha. D'eagraigh Eurofound comhdháil sa Bhruiséil idir 30 Samhain & 1 Nollaig, comhdháil dar teideal 'Intercultural approaches to community building and cohesion in European cities – what can European integration policy learn from cities on how to manage migration and diversity in times of economic slump?', comhdháil a thug lucht déanta beartais agus ionadaithe ón tsochaí shibhialta agus grúpaí mionlach eitneach agus reiligiúnach le chéile le plé a dhéanamh ar an tslí is fearr le déileáil le dúshláin agus an tairbhe is fearr mó a bhaint as na deiseanna a eascraíonn as éagsúlacht chultúrtha na hEorpa, go háirithe comhtháthú na bpobal Moslamach agus creidimh eile.

Tá sonraí iomlána maidir leis an obair a bhíonn ar bun ag líonra CLIP le fáil ag
**www.eurofound.europa.eu/areas/populationandsociety/clip.htm**

# Tuilleadh léitheoireachta

Added value of the European Globalisation adjustment Fund: A comparison of experiences in Germany and Finland
**www.eurofound.europa.eu/publications/htmlfiles/ef0970.htm**

EMCC case studies – Joint social partners structures and restructuring: Comparing national approaches
**www.eurofound.europa.eu/publications/htmlfiles/ef0918.htm**

ERM case studies: Good practice in company restructuring
**www.eurofound.europa.eu/emcc/erm/studies/tn0903016s/tn0903016s.htm**

ERM report 2009 – Restructuring in recession
**www.eurofound.europa.eu/publications/htmlfiles/ef0973.htm**

Europe in recession: Employment initiatives at company and Member State level
**www.eurofound.europa.eu/publications/htmlfiles/ef0920.htm**

European restructuring monitor quarterly, issues 1 – 4, 2009
**www.eurofound.europa.eu/emcc/erm/index.php?template=quarterly**

Foundation Findings: Opening the door – the role of social partners in fostering social inclusion
**www.eurofound.europa.eu/publications/htmlfiles/ef0944.htm**

Global recession – Europe's way out: Background paper
**www.eurofound.europa.eu/publications/htmlfiles/ef0998.htm**

Industrial relations developments in Europe 2008
**www.eurofound.europa.eu/eiro/studies/tn0903029s/tn0903029s.htm**

Low-qualified workers in Europe
**www.eurofound.europa.eu/ewco/studies/tn0810036s/tn0810036s.htm**

Measures to tackle undeclared work in the European Union
**www.eurofound.europa.eu/publications/htmlfiles/ef0925.htm**

Multinational companies and collective bargaining
**www.eurofound.europa.eu/eiro/studies/tn0904049s/tn0904049s.htm**

Occupational promotion of migrant workers
**www.eurofound.europa.eu/ewco/studies/tn0807038s/tn0807038s.htm**

Pay developments – 2008
**www.eurofound.europa.eu/eiro/studies/tn0904029s/tn0904029s.htm**

Quality of work and employment, industrial relations and restructuring in Turkey
**www.eurofound.europa.eu/publications/htmlfiles/ef0915.htm**

Recent restructuring trends and policies in the automotive sector
**www.eurofound.europa.eu/publications/htmlfiles/ef0941.htm**


© An Foras Eorpach chun Dálaí Oibre agus Maireachtála a Fheabhsú, 2010

Restructuring in bankruptcy: Recent national case examples
**www.eurofound.europa.eu/emcc/erm/studies/tn0908026s/tn0908026s.htm**

Second European Quality of Life Survey – Overview
**www.eurofound.europa.eu/publications/htmlfiles/ef0902.htm**

Second European Quality of Life Survey: Quality of life in Europe, 2003–2007
**www.eurofound.europa.eu/publications/htmlfiles/ef0977.htm**

Sink or swim: Recession and recovery in Europe
**www.eurofound.europa.eu/resourcepacks/recession.htm**

Social dialogue and the recession
**www.eurofound.europa.eu/publications/htmlfiles/ef09107.htm**

Wage formation in the EU
**www.eurofound.europa.eu/eiro/studies/tn0808019s/tn0808019s.htm**

Working time developments – 2008
**www.eurofound.europa.eu/eiro/studies/tn0903039s/tn0903039s.htm**

© An Foras Eorpach chun Dálaí Oibre agus Maireachtála a Fheabhsú, 2010 

An Foras Eorpach chun Dálaí Oibre agus Maireachtála a Fheabhsú

**Bliainiris 2009 – Maireachtáil agus oibriú san Eoraip**

Lucsamburg: Oifig Foilseacháin Oifigiúil na gComhphobal Eorpach

2010 – 55 lch. – 21 x 29.7 cm

## DÍOLACHÁN AGUS SÍNTIÚIS

Tá foilseacháin le díol táirgthe ag Oifig Foilseachán Oifigiúil na gComhphobal Eorpach ar fáil ónár ngníomhairí díolacháin ar fud an domhain.

***Conas is féidir liom foilseachán a fháil?***

Ach a mbíonn liosta de ghníomhairí díolacháin faighte agat, déan teagmháil le cibé gníomhaire is mian leat agus lean le d'ordú.

***Conas is féidir liom liosta na ngníomhairí díolacháin a fháil?***

Téigh chuig láithreán gréasáin na hOifige Foilseachán: http://www.publications.europa.eu/

Nó cuir iarratas isteach le haghaidh cóip trí mheán facs (352) 2929 42758

**EF/10/16/GA**

European Foundation for the Improvement
of Living and Working Conditions - Eurofound

Wyattville Road
Loughlinstown
Dublin 18
Ireland

Tel.: (+353 1) 204 31 00
Fax: 282 64 56
information@eurofound.europa.eu
www.eurofound.europa.eu